# Treoir don Saol

## Creat Comhtháite do Threoir ar Feadh an Tsaoil in Éirinn

2007

An Fóram Náisiúnta do Threoir

# Réamhrá

Cloch mhíle thábhachtach i bhforbairt na treorach in Éirinn is ea é an tuarascáil seo ón bFóram Náisiúnta do Threoir a chur i láthair an Aire Mary Hanafin agus an Aire Mícheál Mairtin. Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Fóram Náisiúnta do Threoir sa bhliain 2004 mar aitheantas ar an ngá a bhí le tacú le hiarrachtaí daoine aonair a saol féin, a bhfoghlaim féin agus a mbealaí gairme a bhainistiú ar mhaithe lena gcomhlíonadh féin agus chun a chinntiú go leanfaidh an rathúnas náisiúnta ar aghaidh. Thug an Fóram le chéile príomhpháirtithe leasmhara ó gach cuid de speictream an oideachais agus an mhargaidh saothair. An toradh air sin ná gur forbraíodh den chéad uair straitéis chomhtháite aontaithe do threoirsheirbhís náisiúnta ar feadh an tsaoil .

Aithnítear ag leibhéil bheartais náisiúnta agus Eorpacha gur gné bhunúsach den fhoghlaim ar feadh an tsaoil í an treoir agus go dtacaíonn sí le saothrú chumas an duine, chuimsiú sóisialta, chumas fostaíochta agus rathúnas eacnamúil. Nochtann tuarascálacha a tiomsaíodh le deireanas ar sholáthar treorach in Éirinn ag an nGrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scile Amach Anseo[1] agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta[2] mórchuid nirt ach is léir go bhfuil roinnt bearnaí suntasacha ann chomh maith. Tacaíonn muintir na hÉireann, ar ghabh próiseas comhairliúcháin an Fhóraim a dtuairimí den chéad uair, le soláthar treorach ar feadh an tsaoil mar réimse tosaíochta forbartha.

Soláthraíonn tuarascáil an Fhóraim Náisiúnta do Threoir deis don dá Roinn dul chun cinn a dhéanamh i soláthar treoirsheirbhíse a bheidh mar bhonn le tosaíochtaí náisiúnta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Gheofar sa *chreat náisiúnta do threoir ar feadh an tsaoil* a chomhaontaigh an Fóram srac-chuntas ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéanann an treoir iarracht a shaothrú i ndaoine ag amanna difriúla dá saoil. Tá cur chun feidhme an chreata seo á dtacú ag *caighdeáin cháilíochta do sholáthar seirbhíse* agus *do chleachtóirí cuícháilithe*. Soláthróidh an *creat de struchtúir eagraíochtúla* treoirsheirbhís chomhordaithe agus chuimsitheach ar feadh an tsaoil.

Tá foilsiú na tuarascála seo tráthúil toisc go leanann sé fógra a rinneadh ag comhdháil treorach Uachtaránacht na Fionnlainne ar an AE go mbeidh Coimisiún na hEorpa ag tacú le bunú Líonra Eorpach do Threoir. Beidh ionadaithe ar an Líonra ó fhóraim náisiúnta do threoir agus rachaidh sé i mbun idirchaidrimh le Coimisiún na hEorpa, Cedefop, Fundúireacht Oiliúna na hEorpa, an tIonad Idirnáisiúnta do Fhorbairt Gairme agus Beartas Poiblí agus áisíneachtaí idirnáisiúnta mar an ECFE, chun beartas agus cleachtas do threoir a fhorbairt i mballstáit. Chumasódh cur chun feidhme mholtaí thuarascáil an Fhóram Náisiúnta do Threoir d'Éirinn a bheith rannpháirteach sa Líonra Eorpach do Threoir, rud a thabharfadh teacht ar thacaíocht ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus a neartódh ionchur na hÉireann i mbeartas na hEorpa do threoir.

Ba mhór an phribhléid domsa a bheith mar chathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta do Threoir agus tiomantas na gcomhaltaí a fheiceáil ar an láthair i leith tacú le forbairt phearsanta, shóisialta, oideachasúil agus ghairme iad siúd atá ina gcónaí sa tír seo againne ag gach céim dá saoil. Toradh is ea an Tuarascáil seo ar thaithí fhairsing ar threoir agus táim lánchinnte go gcumasóidh sé don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta leanúint orthu ag tógáil ar a dtionscnamh rathúil an Fóram Náisiúnta do Threoir a bhunú.

**Joyce O'Connor,**
**Cathaoirleach an Fhóraim Náisiúnta do Threoir**

[1] Phillips, S., Clarke, A., Classon, J. (2006) *Careers and Labour Market Information in Ireland: A Study for the Expert Group on Future Skills Needs,* Dublin: Forfas
[2] Department of Education and Science (2006) *Review of Guidance in Second Level Schools*, Dublin: Government Publications

## FOCAIL BHUÍOCHAIS

Ba mhaith leis an bhFóram Náisiúnta do Threoir buíochas a ghabháil as an gcabhair thar a bheith luachmhar a thug daoine indibhidiúla, cumainn agus áisíneachtaí gairmiúla agus an tuarascáil seo á tiomsú. Ba mhaith leis an bhFóram focal speisialta buíochais a rá leis an scríbhneoir agus an eagarthóir Cynthia Deane, leis na taighdeoirí an Dr. Claire Hayes agus Maeve Murray agus le baill den phobal i gcoitinne a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin.

## COMHALTAÍ AN FHÓRAIM NÁISIÚNTA UM THREOIR

**Joyce O'Connor**
*Cathaoirleach an Fhóraim Náisiúnta do Threoir*
*Uachtarán, Coláiste Náisiúnta na hÉireann*

**Maureen Bohan**
*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*

**Frank Brennan**
*An Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha*

**Linda Darbey**
*An tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas*

**Richard Donohue**
*Cumann Tomhaltóirí na hÉireann*

**Mairead Fanning**
*Múinteoir Tacaíochta, Bunoideachas*

**Dermot Finan**
*Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta*

**Eileen Fitzpatrick**
*An tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas*

**Mary Gordon**
*Ógtheagmháil, An Rannóg Breisoideachais*

**Ken Gorman**
*An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta*

**Lorna Hanniffy**
*FÁS*

**John Hannon**
*Cumann na nGairmsheirbhísí do Chéimithe in Éirinn*

**Colette Hourihane**
*An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíocht Oideachais*

**Marie Kielty**
*Líonra Gairmchomhairleoirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta*

**Kevin Lewis**
*Cumann na Meánmhúinteoirí*

**Cáit Leyne**
*Aontas Múinteoirí Éireann*

**Marian Lyon**
*Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iarbhunoideachais*

**Kevin Marshall**
*Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann*

**Patricia McDonagh**
*Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí*

**Colette McGrath**
*An Comhchomhlacht Bainistíochta*

**Joe McGuinness**
*FÁS*

**Jennifer McKenzie**
*An Cumann do Threoir Oideachais do Dhaoine Fásta*

**Doreen McMorris**
*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*

**Anne Mills**
*Cumann na nOllscoileanna*

**Brian Mooney**
*Institiúid na nGairmchomhairleoirí*

**John Murphy**
*Comhdháil na gCeardchumann*

**Luke Murtagh**
*Cumann Gairmoideachais na hÉireann*

**Cáitlin Ni Bhraonáin**
*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*

**Aisling O'Brien**
*Cumann Chomhairleoirí Ollscoile agus Coláiste na hÉireann*

**Mary O'Donnell**
*Cleachtóir Príobháideach, Treoirchomhairleoir*

**Grace O'Grady**
*Oiliúnóirí Treoirchomhairleoirí*

**Deirdre O'Higgins**
*An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta*

**Noreen O'Sullivan**
*Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha*

**Nessan Vaughan**
*FÁS*

# Contents

i Réamhrá
ii Focail Bhuíochais
ii Comhaltaí an Fhóraim Náisiúnta um Threoir

00

4 An Fóram Náisiúnta do Threoir
5 An Cúlra leis an bhFóram Náisiúnta do Threoir
7 Achoimre Feidhmiúcháin

01

9 Túseolas

02

11 **Cuid 1:** Fís don Treoir sa Todhchaí
13 Creat náisiúnta do threoir ar feadh an tsaoil
20 Creat inniúlachtaí do threoirchleachtóirí
20 Creat cáilíochta do threoirsheirbhísí
24 Struchtúir náisiúnta agus áitiúla do chur chun feidhme

03

29 **Cuid 2:** An fáth go bhfuil straitéis chomhtháite do threoir ar feadh an tsaoil de dhíth ar Éirinn
30 Bearnaí a aithint i mbeartas agus i gcleachtas treorach na hÉireann
40 Ag tarraingt ar thaithí na hEorpa i mbeartas agus i gcleachtas treorach
42 Clabhsúr

04

43 N-acrainmneacha, Tagairtí, Aguisín

# CDRom documents

1 Guidance in Ireland: Background Scoping Report
2 Perceptions of the General Public on Guidance and Guidance Services: Consultative Process Report
3 Quality in Guidance
4 Competency Framework for Guidance Practitioners
5 Consultative Process Report: Executive Summary
6 Treoir don Saol Creat comhtháite do Threoir ar feadh an tSaoil in Éirinn

# 00 An Fóram Náisiúnta do Threoir

## AN CÚLRA LEIS AN BHFÓRAM NÁISIÚNTA DO THREOIR

Comhthionscnamh ab ea an Fóram de chuid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a seoladh ag comhdháil idirnáisiúnta do threoir le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach in Aibreán 2004. I litir ina dhiaidh sin a leag amach sainordú an Fhóraim, luaigh na hairí sainmhíniú Choimisiún an AE ar an bhFóram mar 'chomhdháil de na gníomhairí ábhartha ar fad a bhfuil cúram orthu i leith ceapadh beartas, córas agus cleachtas do threoir ar feadh an tsaoil' (Coimisiún an AE 2004, luaite i litir ó airí, Meitheamh 2004). Tháinig téarma oifige an Fhóraim chun críche i Eanáir 2007, nuair a cuireadh an tuarascáil dheiridh seo faoi bhráid an dá aire.

### Téarmaí tagartha agus cuspóirí an Fhóraim Náisiúnta do Threoir

Ba iad téarmaí tagartha an Fhóraim féachaint conas is féidir le daoine aonair, ag pointe ar bith le linn a saoil, teacht ar threoir ardchaighdeáin a bheadh oiriúnach dá riachtanais; comharbhearta a aithint ar fud chantanam na treorach agus moltaí a aontú i gcomhar le páirtithe leasmhara eile (Litir ón Aire Oideachais agus Eolaíochta agus ón Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Aibreán 2004).

Ba iad cuspóirí aontaithe an Fhóraim ná

- A chinntiú go ndéantar gné lárnach den treoir sa bheartas poiblí agus sa phróiseas pleanála san oideachais, sa mhargadh saothair agus i straitéisí sóisialta
- Samhlacha treoracha lánbhrí a bheidh mar bhunús le fís de chomhlíonadh pearsanta, shochaí chothrom agus d'fhostaíocht inbhuanaithe a cheapadh, a chur in iúl agus a chur chun feidhme
- Leas práinneach a bhaint as agus bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar an iliomad acmhainní do threoir a bhí cheana ann agus meicníochtaí a aontú chun torthaí ábhartha agus réadúla a thomhas
- Dul ó sholáthar ilroinnte treorach go seirbhís ghairmiúil inrochtana iltaobhach chomhtháite a bheidh freagrúil do riachtanais an duine aonair agus na sochaí.

Ina thuarascáil dheiridh chuig na hAirí, cuireann an Fóram a thograí i láthair le haghaidh straitéis nua náisiúnta do threoir ar feadh an tsaoil, a bhainfidh amach gach ceann de na cuspóirí thuas ach é a chur chun feidhme.

### Comhaltacht an Fhóraim Náisiúnta do Threoir

Bhí cathaoirleach neamhspleách ar an bhFóram agus 33 comhalta a rinne ionadaíocht thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta; forais ghairmiúla; oiliúnóirí treoirchleachtóirí; gníomhaireachtaí stáit a bhfuil téarmaí tagartha acu don treoir; cumainn fostóirí; ceardchumainn; tuismitheoirí; lucht bainistíochta oideachais agus cleachtóirí bunscoile, iarbhunscoile, breisoideachais agus ardoideachais, lena n-áirítear ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta; tomhaltóirí, agus treoirchleachtóirí príobháideacha. (Féach liosta chomhaltaí an Fhóraim ar leathanach a cúig). Rinne gach ceann de na grúpaí ionadacha aighneacht a raibh tionchar aige ar na tograí a rinne an Fóram ina thuarascáil deiridh.

## Srac-chuntas ar obair an Fhóraim, Meitheamh 2004-Deireadh Fómhair 2006

Tháinig an Fóram le chéile aon uair déag sa tréimhse ó Mheitheamh 2004 go Deireadh Fómhair 2006. Le linn a théarma oifige, d'aontaigh an Fóram fís choiteann agus sainmhíniú ar threoir sna hearnálacha oideachais, margadh saothair agus pobail. Tá srac-chuntas tugtha sa tuarascáil seo ar fhís an Fhóraim do thodhchaí na treorach. Is é seo a leanas sainmhíniú an Fhóraim ar an treoir:

> *Déanann an treoir níos fusa é do dhaoine i ngach cuid dá saoil bainistiú a dhéanamh ar a roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil ionas go gcomhlíonfaidh siad a n-acmhainn iomlán agus go gcuideoidh siad chun sochaí níos fearr a chruthú.*

Le dhá bhliain anuas, seo mar atá déanta ag an bhFóram


- Chuathas i gcomhar leis an nGrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scile Amach Anseo chun téarmaí tagartha a dhréachtadh d'iniúchadh náisiúnta ar eolas gairmeacha agus ar an gcaoi a scaiptear an t-eolas sin: tá torthaí an scrúdaithe seo comhshnaidhmthe le moltaí an Fhóraim
- Ullmhaíodh togra do bhunadh Líne Náisiúnta Foghlama
- Bhíothas rannpháirteach i dtionscadal arna mhaoiniú ag Comhbhearta AE dar teideal *Developing National Guidance Fora in Six Member States (MEDSUI)* 2004-2006
- Chuathas i gcomhairle leis an Ionad Idirnáisiúnta do Fhorbairt Gairme agus Beartas Poiblí maidir le forbairtí sa treoir ag leibhéal an AE agus a n-impleachtaí don treoir in Éirinn
- Rinneadh aighneacht mar gheall ar chistiú don treoir faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013. Mhol an Fóram bearta chun dul i ngleic leis na bearnaí sna seirbhísí reatha treorach trí sholáthar sheirbhís ardchaighdeáin gan uaim a chumasú a uasmhéadódh acmhainní, le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara sa treoir.

Sholáthair an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas rúnaíocht an Fhóraim. Bhainistigh Grúpa Stiúrtha obair agus treo straitéiseach an Fhóraim, chomhordaigh obair na bhfochoistí, rinne ionadaíocht thar ceann an Fhóraim ar líonraí le grúpaí eile agus scaip torthaí obair an Fhóraim. D'fhorbair an Grúpa Stiúrtha naisc chomh maith leis an mbeirt Aire chun iad a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn. Bhí ceithre fhochoiste den Fhóram ann, agus cúram ar gach ceann díobh maidir le tasc ar leith a chuir le baint amach chuspóirí an Fhóraim. Tá na tuarascálacha seo a leanas a sholáthair na fochoistí achoimrithe sa tuarascáil dheiridh mar chúlra le tograí an Fhóraim agus tá siad foilsithe chomh maith ina n-iomláine ar an CDRom coimhdeach.

**Guidance in Ireland: Background Scoping Paper**

Sholáthair an fochoiste páipéar cúlra ar an treoir in Éirinn chun srac-chuntas a thabhairt ar an soláthar reatha agus bearnaí a aithint. Bhí an páipéar mar bhonn eolais faoi mholtaí an Fhóraim do fhorbairt beartais agus chomhordú na treorach.

FIGURE 1 REPRESENTATION ON THE NATIONAL GUIDANCE FORUM



**Perceptions of the General Public on Guidance and Guidance Services: Report of the Consultative Process**

Thug an fochoiste faoi phróiseas comhairliúcháin thar ceann an Fhóraim, chun taighde a dhéanamh ar bhraistint agus ar thaithí an phobail maidir le treoir. Bhí torthaí an taighde mar bhonn eolais faoi mholtaí an Fhóraim maidir le soláthar a neartú chun seirbhís treorach gan uaim a bhaint amach ar feadh na tréimhse saoil.

**Quality in Guidance**

Sholáthair an fochoiste creat do dhearbhú cáilíochta don treoir a chumasóidh do lucht ceaptha beartais agus do sholáthraithe a chinntiú go soláthraíonn siad seirbhísí ar ardchaighdeán do dhaoine ar feadh na tréimhse saoil. Molann sé chomh maith struchtúir chun seirbhísí a mheas mar aon le bearta do fheabhsú cáilíochta.

**A Competency Framework for Guidance Practitioners**

Cheap an fochoiste creat tosaigh d'inniúlachtaí do threoirchleachtóirí, a mbeidh tionchar aige ar oideachas gairmiúil amach anseo agus ar oiliúint cleachtóirí a sholáthróidh treoir ar feadh na tréimhse saoil agus i raon de chomhthéacsanna difriúla.

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

### Cad é an Fóram Náisiúnta do Threoir?


Grúpa saineolaithe is ea an Fóram Náisiúnta do Threoir lena n-áirítear lucht ceaptha beartais, soláthraithe treoirsheirbhísí, cleachtóirí agus saoránaigh a d'oibrigh i gcomhar ar feadh dhá bhliain chun plean a réiteach do theoirsheirbhís chomhtháite ar feadh an tsaoil in Éirinn.

### Cad atá bainte amach ag an bhFóram Náisiúnta do Threoir?

Ó 2004 i leith, seo mar a rinne an Fóram

- thug sé le chéile lucht ceaptha beartais, cleachtóirí, soláthraithe agus saoránaigh chun fís choiteann agus sainmhínithe ar threoir a aontú do na hearnálacha oideachais, margadh saothair agus pobail
- rinne sé taighde ar an soláthar reatha de threoir i ngach ceann de na hearnálacha seo
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne féachaint cérbh iad a mbraistintí i leith treoirsheirbhísí
- d'oibrigh sé i gcomhar le páirtithe ag an leibhéal idirnáisiúnta chun a chinntiú go mbeadh an treoirsheirbhís in Éirinn ar an gcaighdeán is airde ó thaobh cleachtais de
- cheap sé creat náisiúnta do threoir ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear creataí d'inniúlachtaí cleachtóra, dearbhú cáilíochta agus struchtúir eagraíochtúla.

**FIGURE 2 ACHIEVEMENTS OF THE NATIONAL GUIDANCE FORUM**



## Cad iad moltaí an Fhóraim Náisiúnta do Threoir?

Tá an sainmhíniú seo ar threoir glactha ag an bhFóram:

Déanann an treoir níos fusa é ar dhaoine i ngach cuid dá saoil bainistiú a dhéanamh ar a roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil ionas go gcomhlíonfaidh siad a n-acmhainn iomlán agus go gcuideoidh siad chun sochaí níos fearr a chruthú.


Bunaithe ar an sainmhíniú seo, molann an Fóram straitéis do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn a bhfuil ceithre phríomhmhír ann. Is iad míreanna na straitéise ná:

1. **Creat do threoir ar feadh an tsaoil,** a thugann srac-chuntas ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéanann an treoir iarracht a shaothrú i ndaoine ag amanna difriúla dá saoil.
2. **Creat inniúlachtaí** do threoirchleachtóirí
3. **Creat cáilíochta** do threoirsheirbhísí
4. **Creat** comhtháite **de struchtúir eagraíochtúla** chun treoirsheirbhís chomhordaithe agus chuimsitheach a sholáthar ar feadh an tsaoil.

Tá an Fóram tar éis tabhairt faoi roinnt obair forbartha thosaigh ar gach mír díobh seo, agus tugtar srac-chuntas sa tuarascáil seo ar mar a mheasann an Fóram go ndéanfar gach mír den straitéis chomhtháite a chur chun feidhme. Molann an Fóram go ndéanfaí an straitéis do threoir ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme ina iomláine a luaithe agus is féidir. Seo é an toradh a bheidh ar an straitéis nuair a chuirfear chun feidhme í:

- Comhlíonfaidh sí riachtanais treorach daoine ag gach céim den tréimhse saoil
- Socróidh sí ardchaighdeáin cháilíochta do sholáthar na seirbhíse ag cleachtóirí cuícháilithe
- Comhordóidh sí na treoirsheirbhísí atá ar fáil san oideachais, san oiliúint, sa bhfostaíocht, sa phobal agus i suímh phríobháideacha.

FIGURE 3 NA TORTHAÍ DO DHAOINE AONAIR



# 01 Túseolas

Seo í tuarascáil dheiridh an Fhóraim Náisiúnta do Threoir, a cuireadh i láthair an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i Eanáir 2007.

Sa tuarascáil seo, molann an Fóram straitéis do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn a líonfaidh na bearnaí a d'aithin an Fóram sna treoirsheirbhísí a bhí cheana ann. Fágfaidh an straitéis Éire i suíomh fabhrach nuair a chuirtear í i gcomparáid leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr i dtreoir ar feadh an tsaoil.

**Dhá chuid atá sa tuarascáil seo:**

Leagann **Cuid 1** amach na ceithre mhír chomhtháite de straitéis mholta an Fhóraim do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn:

» **Creat do threoir ar feadh an tsaoil,** a thugann srac-chuntas ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéanann an treoir iarracht a shaothrú i ndaoine ag amanna difriúla dá saoil.
» **Creat inniúlachtaí** do threoirchleachtóirí
» **Creat cáilíochta** do threoirsheirbhísí
» **Creat** comhtháite **de struchtúir eagraíochtúla** chun treoirsheirbhís chomhordaithe agus chuimsitheach a sholáthar ar feadh an tsaoil.

Achoimríonn **Cuid 2** na príomhmhíreanna de bheartas agus chleachtas na hÉireann agus na hEorpa atá fíorthábhachtach d'fhorbairt treoirsheirbhísí in Éirinn agus a sholáthraíonn comhthéacs do thograí an Fhóraim. Críochnaíonn sé le liosta de na bearnaí a aithníodh agus a chaithfear a líonadh trí straitéis chomhtháite a cheapadh do threoir ar feadh an tsaoil.

# 02 Cuid 1: Fís don Treoir sa Todhchaí

**Déanann an treoir níos fusa é do dhaoine i ngach cuid dá saoil bainistiú a dhéanamh ar a roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil ionas go gcomhlíonfaidh siad a n-acmhainn iomlán agus go gcuideoidh siad chun sochaí níos fearr a chruthú.**

Sa chuid seo den tuarascáil leagtar amach togra an Fhóraim Náisiúnta do Threoir maidir le straitéis chomhtháite a chabhróidh chun fís na treorach ar feadh an tsaoil in Éirinn a bhaint amach sa todhchaí. Seo é an toradh a bheidh ar an straitéis nuair a chuirfear chun feidhme í:

- Comhlíonfaidh sí riachtanais treorach daoine ag gach céim den tréimhse saoil
- Socróidh sí ardchaighdeáin cháilíochta do sholáthar na seirbhíse ag cleachtóirí cuícháilithe
- Comhordóidh sí na treoirsheirbhísí atá ar fáil san oideachais, san oiliúint, sa bhfostaíocht, sa phobal agus i suímh phríobháideacha.

## Straitéis chomhtháite do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn

Tar éis scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an mbeartas agus ar an gcleachtas reatha treorach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, d'aithin an Fóram Náisiúnta do Threoir an gá atá le cur chuige nua samhlaíoch i leith treoir a phleanáil agus a sholáthar do dhaoine ag gach céim den tréimhse saoil, ón réamhscoil go dtí an tréimhse iarscoir. (Le haghaidh achoimhre ar anailís an Fhóraim ar bheartas agus ar chleachtas na hÉireann agus na hEorpa, féach Cuid 2 den tuarascáil seo.) Bunaithe ar an sainmhíniú seo, molann an Fóram straitéis do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn a bhfuil ceithre phríomhmhír inti:

1. **Creat do threoir ar feadh an tsaoil,** a thugann srac-chuntas ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéanann an treoir iarracht a shaothrú i ndaoine ag amanna difriúla dá saoil.
2. **Creat inniúlachtaí** do threoirchleachtóirí
3. **Creat cáilíochta** do threoirsheirbhísí
4. **Creat** comhtháite **de struchtúir eagraíochtúla** chun treoirsheirbhís chomhordaithe agus chuimsitheach a sholáthar ar feadh an tsaoil.

Tá an Fóram tar éis tabhairt faoi roinnt obair forbartha thosaigh ar gach mír díobh seo, agus tugtar srac-chuntas sa tuarascáil seo ar mar a mheasann an Fóram go ndéanfar gach mír den straitéis chomhtháite a chur chun feidhme. Aithníonn an Fóram, más ea, gur tasc tosaíochta é lánfhorbairt na gceithre mhír nár mhór díriú air gan mhoill laistigh de na struchtúir nua mholta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla.

## CREAT NÁISIÚNTA DO THREOIR AR FEADH AN TSAOIL

An ghné lárnach de straitéis mholta an Fhóraim ná creat náisiúnta do threoir ar feadh an tsaoil, a thugann srac-chuntas ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéanann an treoir iarracht a fhorbairt i ndaoine ag céimeanna difriúla dá saoil.

Go traidisiúnta in Éirinn, bhí an treoir bunaithe a bheag nó a mhór in earnáil na n-iarbhunscoileanna, ag soláthar treoir oideachasúil agus gairmthreoir do dhaltaí agus ag cur cur chuige comhairleoireachta pearsanta i bhfeidhm chun tacú le daoine óga a mbíonn bacainní nó dúshláin le réiteach acu ina saoil phearsanta.

Molann an Fóram Náisiúnta do Threoir creat do threoir ag cúig chéim ar leith den tréimhse saoil, ag aithint ag an am céanna an ról tábhachtach atá ag an treoir i gcuidiú le daoine bainistiú a dhéanamh ar na haistrithe móra ina saoil: ón mbaile go dtí an scoil; ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil; ón iarbhunscoil go breisoideachas nó ardoideachas, go hoiliúint nó go fostaíocht; ó oideachas agus oiliúint go gairm. Lena chois sin, cabhraíonn an treoir le daoine a roghanna a bhainistiú nuair a athraíonn siad gairmeacha, nuair a chailleann siad a bpost nó nuair a théann siad ar scor ó fhostaíocht íoctha.

Agus an togra do chreat do threoir ar feadh an tsaoil á fhorbairt ag an bhFóram, cuireadh san áireamh an cleachtas reatha idirnáisiúnta agus an gá, ag an am céanna, atá le torthaí a shainiú (eolas, scileanna agus inniúlachtaí) atá sainiúil do riachtanais daoine i gcóras oideachais agus i margadh saothair na hÉireann. Measadh go raibh dhá cheann de shamhlacha idirnáisiúnta ar leith an *Canadian Blueprint*[3] agus *Australian Blueprint for Career Developemt*[4] bainteach go háirithe leis an gcomhthéacs Éireannach ó clúdaíonn siad an tréimhse saoil iomlán. Tógann an creat do threoir ar feadh an tsaoil a mholann an Fóram cuntas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, aistrithe gairme, cothromaíocht idir saol na hoibre agus saol an bhaile a bhunú agus aithníonn sé go gcaithfidh na céimeanna a bheith bunaithe ar riachtanais seachas ar aois. Tá cúig chéim an chreata nasctha, más ea, leis na haoisghrúpaí garbha seo a leanas:

**0-6 bliain:** áirítear air seo forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí i suíomh an teaghlaigh agus san oideachas luath-óige

**6-12 bliain:** áirítear air seo forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí i gcláir bhunscoile agus trí thacaíochtaí teaghlaigh

**12-16 bliain:** áirítear air seo forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí trí raon clár agus curaclam atá ar fáil san iarbhunoideachas íochtarach

**16-18/19 bliain:** áirítear air seo forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí san iarbhunoideachas uachtarach, sa bhreisoideachas, san ardoideachas agus sna hearnálacha gairmoideachais / oiliúna

**18/19 bl.+ (aosacht)** áirítear air seo forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bheidh de dhíth le haghaidh fostaíochta, cothromaíocht idir saol na hoibre agus saol an bhaile agus foghlaim ar feadh an tsaoil i raon comhthéacsanna foghlama lena n-áirítear an t-ionad oibre agus an pobal.

Dearadh an creat do threoir ar feadh an tsaoil chun léiriú a thabhairt ar luachanna duinelárnacha agus chun forbairt phearsanta, shóisialta agus eacnamúil a chur chun cinn. Agus an creat seo á mholadh, aithníonn an Fóram an gá atá le cothromaíocht idir cineálacha cur chuige aonair agus grúpa i leith na treorach agus na comhairleoireachta ag gach céim den tréimhse saoil. Éileoidh lánfheidhmiú an chreata

[3] http://www.dest.gov.au/sectors/career_development/policy_issues_reviews/key_issues/australian_blueprint_for_career_dev/
[4] Glasgow Caledonian University (Centre for Education & Training Development) & Partners (2000), *ISSEE Quality Guidelines,* Leonardo da Vinci.

go gcuirfear leoracmhainní ar fáil ionas go n-úsáidfear cumasc de chineálacha cur chuige foghlama agus treorach chun cabhrú le foghlaimeoirí torthaí gach céime a shroicheadh. Áirítear ar raon na gcineálacha cur chuige do threoir

- soláthar seirbhísí eolais
- obair ghrúpa beag agus ghrúpa mór
- foghlaim féinthreoraithe
- meantóireacht ó threoirchleachtóirí agus ó dhaoine eile
- teagmhálacha duine le duine le treoirchleachtóirí
- foghlaim ó thaithí.

Cuirfear na cineálacha cur chuige seo i bhfeidhm ag soláthraithe agus cleachtóirí de réir mar a bhíonn oiriúnach d'aois na bhfoghlaimeoirí agus don chomhthéacs ina bhfuil siad ag foghlaim. I gcreat náisiúnta na hÉireann do threoir ar feadh an tsaoil, moltar ceithre ghrúpa torthaí (eolas, scileanna agus inniúlachtaí):

**Forbairt Mhothúchánach**

**Forbairt Shóisialta**

**Forbairt Foghlama**

**Forbairt Gairme**

Taispeántar srac-chuntas ar an gcreat i bhFíor 1. Léiríonn sé seo cuid de na príomhthorthaí i ngach grúpa. Ní luaitear cláir oideachais agus oiliúna sonracha ó measann an Fóram go mbeadh sé níos oiriúnaí cineálacha cur chuige ginearálta a léiriú i dtaobh na foghlama agus na treorach ag gach céim den chreat. Molann an Fóram go dtabharfadh áisíneacht náisiúnta a mbronnfar cúram uirthi i leith na treorach faoi mhionsaothrú iomlán an chreat do threoir ar feadh an tsaoil mar thosaíocht láithreach. Tugtar srac-chuntas ar thogra an Fhóraim do bhunú na háisíneachta náisiúnta seo ar leathanach 24.

## FÍOR 1 CREAT NÁISIÚNTA DO THREOIR AR FEADH AN TSAOIL

| Torthaí do 0-6 bliana | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Forbairt mhothúchánach** | Ceangal slán a bhunú | Cumas féinrialú na mothúchán a shaothrú | Féinmheas a shaothrú bunaithe ar chaidreamh dearfach le daoine eile | Éirim mhothúchánach a shaothrú |
| | Litearthacht mhothúchánach a shaothrú | Féinchoincheap dearfach a shaothrú | Teacht ar an tuiscint gur cuid den saol iad an t-athrú agus an fás | |
| **Forbairt Shóisialta** | Féineolas agus féinfheasacht a shaothrú maidir leis an duine féin i dtaca le daoine eile | An cumas a shaothrú an saol a fheiceáil trí shúile daoine eile | Scileanna caidreamh sóisialta a shaothrú | Inniúlacht idirphearsanta a shaothrú |
| | Scileanna obair bhuíne agus idirghníomhaíocht comhoibritheach a shaothrú | An cumas a shaothrú oibriú i gcomhar le daoine eile | Ionbhá a shaothrú | An cumas chun athrú agus fáis a shaothrú |
| **Forbairt Foghlama** | Fiosracht, cruthaitheacht, súgradh, soirbhíochas, smaointeoireacht dhearfach a shaothrú | Cumas taitnimh agus an cumas súgartha agus foghlamtha a shaothrú | Scileanna teanga agus cumarsáide a shaothrú | Bunchoincheapanna d'uimhreacha, spás, am, léiriú siombalach a shaothrú |
| | Scileanna meiteachognaíochta, scileanna fadhbréitigh agus scileanna smaointeoireacht chriticiúil a shaothrú | Scileanna cinnteoireacht eolasach a shaothrú | Scileanna ullmhacht chun foghlama a shaothrú | Grá don fhoghlaim a shaothrú |
| | Scileanna agus tréithe a shaothrú de réir teoiric na n-iléirímí | Féinbhraistint mar fhoghlaimeoir rathúil a shaothrú | Ullmhú faoi chomhair an t-aistriú go dtí an scoil | Scileanna oiriúnacha bhainistíocht phearsanta agus neamhspleáchais a shaothrú |
| **Forbairt Gairme** | Scileanna, cumais agus roghanna an duine féin a thaiscéaladh | Scileanna fadhbréitigh a shaothrú | Coincheapanna na hoibre, an tsaoil, an tsúgartha agus na fóillíochta a thaiscéaladh | Róil oibre agus saoil a thaiscéaladh |

## Cineálacha Cur Chuige Foghlama agus Treorach

» Cláir oiliúnú agus scileanna tuismitheoirí

» Soláthar chúram leanaí luath ardchaighdeáin agus oideachas páistelárnach

» Súgradh, ról imirt agus foghlaim ó thaithí

» Caidreamh le piaraí agus oideachasóirí agus tríd an tsúgradh

| Torthaí do 6-12 bliana | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Forbairt mhothúchánach** | Féinmheas a shaothrú bunaithe ar athneartú seachtrach agus inmheánach | An cumas le aghaidh féinrialú na mothúchán a mhéadú | Scileanna a shaothrú chun déileáil le deacrachtaí | Féinfheasacht a fheabhsú |
| | Féinchoincheap dearfach a shaothrú agus tuiscint a fháil ar a thionchar ar an saol agus ar an obair | Feasacht a shaothrú i leith mothúcháin an duine féin | Tuiscint a shaothrú ar ár n-iompraíocht féin agus ar iompraíocht daoine eile | Muinín a shaothrú sa duine féin agus i ndaoine eile |
| **Forbairt Shóisialta** | Scileanna obair bhuíne a fheabhsú | Foghlaim conas oibriú mar chomhalta buíne | Tuairimí ar cheartas, ar mhoráltacht, ar chothromaíocht, ar chomhionannas agus ar fhreagracht a shaothrú | Inniúlacht idirphearsanta a shaothrú |
| | Tuiscint a shaothrú ar ár ról féin i dtaca leis an teaghlach, le piaraí, leis an tsochaí | Gaoil dhearfacha a shaothrú | Súgradh i gcomhar a shaothrú | Foghlaim conas roinnt |
| **Forbairt Foghlama** | Straitéisí próiseáil agus coimeád eolais a fheabhsú | Eolas a fháil ar iarbhunscoileanna agus ar a bheith ullamh don aistriú | Scileanna éifeachtach foghlaimeora a shaothrú | Ár neart agus dúshláin foghlama féin a aithint |
| | Scileanna féinmhacnaimh a shaothrú | Scileanna meiteachognaíocha a shaothrú | Nasc a bhunú idir an fhoghlaim agus an obair | |
| **Forbairt Gairme** | Tuiscint a fháil ar conas mar a chabhraíonn an obair leis an bpobal | Feasacht a shaothrú i leith scileanna, talainn agus roghanna an duine féin | An tsamhlaíocht a úsáid chun staideanna, poist agus tascanna a bhíonn le déanamh ag daoine fásta a rólghlacadh | Tuiscint a fháil ar róil ag an obair, sa bhaile agus sa tsochaí |
| | Feasacht a mhéadú i leith róil inscne agus róil shóisialta agus steiríotíopanna | Tuiscint a fháil ar luach na hoibre agus ar chothromaíocht idir saol na hoibre agus saol an bhaile | Stíl bheatha sláintiúil a shaothrú | Scileanna a shaothrú chun athrú, coimhlint agus strus a láimhseáil |

## Cineálacha Cur Chuige Foghlama agus Treorach

» Curaclam leathan bunscoile

» Taithí ar raon gairmeacha

» Modhanna foghlama aonair agus ghrúpa beag

» Cláir idirlinne agus ionduchtúcháin

| Torthaí do 12-16 bliana | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Forbairt mhothúchánach** | Féinfheasacht a fheabhsú | Cumas rialú na mothúchán a fheabhsú | Foghlaim conas déileáil le strus agus scileanna a shaothrú chun coimhlintí a réiteach | Feasacht ar éifeachtacht phearsanta a shaothrú |
| | An cumas a shaothrú féinchoincheap dearfach a choimeád | Féinmheas a shaothrú | Foghlaim conas freagairt d'athrú agus d'fhás | |
| **Forbairt Shóisialta** | Forbairt shóisialta, phearsanta agus idirphearsanta a fheabhsú | Scileanna líonraíochta agus obair bhuíne a shaothrú | Tuiscint a fháil ar choincheap na hoibre deonaí agus na hoibre pobail | Feasacht a shaothrú ar riachtanais daoine eile |
| | Tuairimí ar cheartas, ar mhoráltacht, ar chothromaíocht, ar chomhionannas agus ar fhreagracht a shaothrú | Scileanna treallúis a shaothrú | | |
| **Forbairt Foghlama** | Tuiscint a fháil ar na cineálacha difriúla foghlama | Feasacht i leith roghanna foghlama | Scileanna staidéir, strusa, bainistíocht ama, scrúdúcháin a shaothrú | Meas a shaothrú ar bhuntáistí na foghlama neamhspleáiche |
| | Foghlaim ar feadh an tsaoil a ghaolú le próiseas tógáil gairme an duine | Tuiscint a fháil ar an ngaol idir ábhair scoile agus an obair/ an saol | Foghlaim faoi na scileanna agus na hinniúlachtaí a chothaíonn na hábhair dhifriúla | Scileanna fadhbréitigh a shaothrú |
| **Forbairt Gairme** | Feasacht a shaothrú i leith scileanna, talainn agus roghanna an duine féin | An cumas obair a fhorbairt, a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta a fheabhsú | Am agus imeachtaí fóillíochta a shaothrú | Tuiscint a fháil ar luach an stíl mhaireachtála sláintiúla |
| | Tábhacht rogha na n-ábhair a aithint | Dul i mbun cinnteoireacht saoil/ oibre | Róil neamhthraidisiúnta saoil/oibre a thaiscéaladh | Foghlaim mar gheall ar na tacaíochtaí atá ar fáil sa phobal |

## Cineálacha Cur Chuige Foghlama agus Treorach

- An curaclam iarbhunscoile íochtarach
- An clár treorach scoile uile
- Cláir lasmuigh den scoil
- Cláir idirlinne agus ionduchtúcháin

| Torthaí do 16-18/19 bliain | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Forbairt mhothúchánach** | Straitéisí a fheabhsú chun féinmheas agus féinchoincheap dearfach a choimeád | Feasacht ar acmhainn an duine féin a shaothrú | Spriocanna agus braistint féinachtála a shaothrú | Luachanna pearsanta agus saoil a aithint agus fealsúnacht saoil a cheapadh |
| | Scileanna chun déileáil le deacrachtaí a leathnú chun freagairt do dhúshláin éagsúla i saol an duine féin | Foghlaim conas na mothúcháin a bhainistiú | | |
| **Forbairt Shóisialta** | Neamhspleáchas agus uathriail a mhéadú | Foghlaim conas foghlaim daoine eile a thacú | Scileanna treallúis a shaothrú | Ullmhú faoi chomhair an t-aistriú ón scoil/ ionad oideachais |
| | An duine féin a bhunú mar bhall fásta den teaghlach agus den phobal | Feasacht a léiriú i leith leithcheala agus meas a léiriú ar éagsúlacht | Gaoil dhearfacha a thógáil | Foghlaim conas freagairt d'athrú agus d'fhás |
| **Forbairt Foghlama** | Scileanna taighde a shaothú | Smaointeoireacht anailíseach agus criticiúil a shaothrú | Scileanna fadhbréitigh a shaothrú | Scileanna féinbhainistíochta agus smaointeoireacht neamhspleách a fheabhsú |
| | Feasacht a shaothrú ar na tosca seachtracha a chuireann bac ar fhoghlaim | Meas a shaothrú ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil | Ciall a bhaint as eolas saoil/oibre agus é a mheas | Dul i mbun cinnteoireacht saoil/ oibre |
| | Foghlaim faoin thionchar steiríótíopanna | | | |
| **Forbairt Gairme** | Scileanna cinnteoireachta saoil/ oibre a shaothrú agus a chleachtadh | Cumais agus gnóthachtálacha an duine féin a mheas | Scileanna léiriúcháin, agallaimh agus bainistíocht gairme a shaothrú | Eolas saoil/oibre a léirmhíniú agus a mheas |
| | An cumas a shaothrú fostaíocht a lorg, a fháil agus a choimeád | An cumas a shaothrú deiseanna oideachasúla a lorg agus a fháil | An cumas a shaothrú deiseanna oiliúna a lorg agus a fháil | Tuiscint a fháil ar thionchar tosca sochaíocha agus eacnamaíocha ar an obair |

## Cineálacha Cur Chuige Foghlama agus Treorach

» Curaclam na hiarbhunscoile uachtaraí agus an bhreisoideachais

» Ullmhúchán, taithí & socrúchán oibre

» An clár treorach scoile/ionaid uile

» Cláir idirlinne

| Torthaí do 18/19 + bliain | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Forbairt mhothúchánach** | Uathriail, neamhspleáchas agus freagracht i gcinnteoireacht saoil/ oibre a mhéadú | Scileanna féinmhachnaimh a shaothrú | Scileanna chun déileáil le deacrachtaí agus scileanna athléimneachta a shaothrú | Féinfheasacht a shaothrú mar aon le feasacht ar neart agus sriantaí an duine féin |
| **Forbairt Shóisialta** | Feasacht shóisialta a shaothrú | Foghlaim conas foghlaim daoine eile a thacú | Scileanna treallúis a shaothrú | Féinachtáil a shaothrú mar aon le soléiriú ionchas |
| **Forbairt Foghlama** | Smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna anailíseacha a fheabhsú | Smaointeoireacht mhachnamhach a shaothrú | An cumas foghlama a fheabhsú agus foghlaim conas foghlaim | Meas a shaothrú ar shochair na foghlama agus na forbartha pearsanta ar feadh an tsaoil |
| | Foghlaim conas oibriú i mbuíon | Meas a shaothrú ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil | | |
| **Forbairt Gairme** | An cumas a shaothrú fostaíocht a lorg, a fháil agus a choimeád | An cumas a shaothrú deiseanna oideachasúla a lorg agus a fháil | An cumas a shaothrú deiseanna oiliúna a lorg agus a fháil | Feasacht a shaothrú ar scileanna inaistrithe |
| | An cumas a léiriú rioscaí a ghlacadh | Freagairtí nuálacha a shaothrú chun riachtanais ghairme a bhrostú | Scileanna bainistíocht gairme a shaothrú | An cumas a fheabhsú róil agus éilimh saoil/ oibre a chothramú |
| | Feasacht agus tuiscint a mhéadú ar steiríotíopaí sa saol/ag an obair | Dul i mbun cinnteoireacht saoil/ oibre | | |

## Cineálacha Cur Chuige Foghlama agus Treorach

- Cláir ardoideachais do fhoghlaim, múinteoireacht agus treoir
- Cláir bhreisoideachais do fhoghlaim, múinteoireacht agus treoir
- Cláir Chúnaimh d'Fhostaithe, oiliúint & forbairt, ionduchtúchán, fostaíocht
- Treoir d'aosaigh i ngach earnáil

## CREAT INNIÚLACHTAÍ DO THREOIRCHLEACHTÓIRÍ

Chun a chinntiú gur féidir an creat do threoir ar feadh an tsaoil a mholtar thuas a chur chun feidhme go héifeachtúil, molann an Fóram go gceapfaí creat inniúlachtaí do threoirchleachtóirí. Cinnteoidh an creat inniúlachtaí seo go bhfanfaidh oideachas agus oiliúint ghairmiúil do threoirchleachtóirí ar an luas céanna le riachtanais úsáideoirí i dtimpeallacht shóisialta, eacnamúil agus mhargadh saothair atá ag athrú go mear. Trí a bheith páirteach i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí, a éascaíonn aithint d'fhoghlaim roimh ré, soláthróidh an creat inniúlachtaí le haghaidh aithint fhrithpháirteach do threoircháilíochtaí idir earnálacha an oideachais agus an mhargadh saothair, agus cumasóidh do chleachtóirí forchéimniú ó leibhéal cáilíochta amháin go leibhéal eile nuair a bhíonn na hinniúlachtaí ábhartha bainte amach acu.

Tá srac-chuntas de chreat inniúlachtaí ceaptha ag an bhFóram do threoirchleachtóirí, a bhaineann leas as an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus a dearadh chun go mbeadh slí dó i gCreatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. For-radharc is ea an creat inniúlachtaí ar na hinniúlachtaí a bheadh ag teastáil ó chleachtóirí chun oibriú laistigh de chomhthéacs leathan threoirsheirbhís ar feadh an tsaoil. Tá na croí-inniúlachtaí grúpáilte ina gcúig chatagóir leathana, agus nuair a bheidh an creat forbartha ina iomláine mar chuid de phróiseas comhairliúcháin níos forleithne beidh roinnt réimsí speisialtóireachta ann a chumasóidh do chleachtóirí tabhairt faoi thascanna speisialaithe nó oibriú le grúpaí sonracha cliant. Tá sé ceaptha go mbeidh an creat inniúlachtaí mar bhonn eolais faoi fhorbairt shraith chuimsitheach agus sholúbtha de chláir oideachais agus oiliúna do threoirchleachtóirí sa todhchaí.

Measann an Fóram Náisiúnta do Threoir gur oideachas modúlach a bheidh in oideachas agus oiliúint tosaigh treoirchleachtóirí amach anseo, rud a cheadóidh go chleachtóirí cáiliú chun dul i mbun oibre i raon ról i ngach cuid de speictream na dtreoirsheirbhísí ar feadh an tsaoil. Meastar chomh maith go gcumasóidh an creat do chleachtóirí ag céim ar bith ina saol gairmiúil staidéar a dhéanamh ar mhodúil bhreise agus cáiliú iontu, ionas go mbeidh siad inniúil ar threoir-róil nua a ghlacadh laistigh den treoirsheirbhís náisiúnta ar feadh an tsaoil. Achoimrítear an creat inniúlachtaí i bhFíor 2 thíos. Cuirtear i láthair é i bhfoirm níos mionsonraithe sa tuarascáil ón bhfochoiste inniúlachtaí atá cuimsithe ar an CDRom coimhdeach.

## CREAT CÁILÍOCHTA DO THREOIRSHEIRBHÍSÍ

Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an chreat do threoir ar feadh na tréimhse saoil, molann an Fóram creat cáilíochta do threoirsheirbhísí, a dearadh chun cabhrú le daoine aonair, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir ('soláthraithe') a chinntiú go soláthraíonn siad seirbhís ardchaighdeáin do chliaint. Áirítear ar an gcreat cód prionsabal ar cheart do sholáthraithe cloí leis (Fíor 3), mar aon le samplaí de threoirsheirbhísí (Fíor 4). Tá treoirlínte i dtaca le meastóireacht ar threoirsheirbhísí san áireamh chomh maith.

De réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr, molann an Fóram go gcinnteodh eagraíocht atá ag forbairt a dtreoirsheirbhís go bhfuil a cuid próiseas idir chomhairleach agus idirbheartach, agus go gcothaíonn siad úinéireacht i measc na bpáirtithe leasmhara agus nós dul chun cainte chun bacainní a shárú agus teacht ar chomhaontú. Ba cheart don treoirphróiseas a bheith cliantlárnach, cuí agus bainteach le riachtanais an chliaint, cothromaithe, neamhchlaonta agus féaráilte.

Ba cheart don chur chuige i leith treoirsheirbhísí a sholáthar a bheith comhtháite agus imcriminteach, chun a chinntiú go ndéantar dea-chleachtas a athneartú. Ba cheart dó a bheith forbraíoch, ionas go n-aithneofaí na feabhsuithe atá de dhíth ar an tseirbhís agus go ndíreofaí orthu. Ba cheart feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse trí mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla.

Achoimrítear an creat cáilíochta a mholtar do threoirsheirbhísí anseo. Cuirtear i láthair é i bhfoirm níos mionsonraithe sa tuarascáil ón bhfochoiste inniúlachtaí atá cuimsithe ar an CDRom coimhdeach.

## FÍOR 2 CREAT INNIÚLACHTAÍ DO THREOIRCHLEACHTÓIRÍ

**1. Teoiric agus cleachtas do threoir gairmiúil, oideachasúil agus phearsanta/shóisialta ar feadh na tréimhse saoil.**

Áirítear air seo na hinniúlachtaí chun:

- Roghanna gairmiúla / roghanna saoil a éascú ar feadh na tréimhse saoil
- Roghanna oideachais a éascú ar feadh na tréimhse saoil
- Roghanna pearsanta / sóisialta a éascú ar feadh na tréimhse saoil

*Speisialtóireacht – Measúnú*

**2. Oideachas agus oiliúint mhargadh saothair**

Áirítear air seo na hinniúlachtaí chun:

- Eolas cothrom le dáta a sholáthar ar dheiseanna oideachasúla agus oiliúna, ag úsáid teicneolaíocht an eolais agus acmhainní eile mar is cuí chun cabhrú leis an duine aonair i bhforbairt a g(h)airme.
- Cabhrú le daoine aonair ciall a bhaint as eolas margadh saothair agus é a chur chun feidhme chun spriocanna gairme a shroicheadh.
- Cabhrú le daoine aonair a gcuid deiseanna gairme féin a chruthú
- Cabhrú le daoine aonair dul i mbun féinbhainistithe, féinthionscnaimh agus líonraíochta go héifeachtúil
- Nascaíochtaí a bhunú le sainseirbhísí eile agus daoine aonair a atreorú go dtí na seirbhísí seo mar is cuí.

**3. Comhairleoireacht**

Áirítear air seo na hinniúlachtaí chun:

- Dul i mbun comhairleoireacht phearsanta le cliaint ina nduine is ina nduine nó i ngrúpaí
- Saincheisteanna gairmiúla agus eiticiúla a shoiléiriú i gcomhairleoireacht ghrúpa agus i ngrúpthreoir
- Cabhrú le daoine plean saoil pearsanta a cheapadh. Dul faoi mhaoirseacht chuí chun scileanna comhairleoireachta a shaothrú agus dul chun cinn a dhéanamh le daoine aonair.
- A aithint cathain ar ghá tacaíocht a lorg ó ghairmithe eile i ról an chomhairleora

**4. Bainistiú eolais agus acmhainne**

Áirítear air seo na hinniúlachtaí chun:

- Straitéisí bainistiú eolais a cheapadh, a chothabháil agus a athbhreithniú chun eolas pearsanta agus sóisialta, oideachais agus gairmiúil/gairme cothrom le dáta a sholáthar.
- Teicneolaíocht an eolais a úsáid chun tacú le cleachtas.
- Cloí le gnáthaimh éifeachtúla agus críochnúla do bainistiú cáis agus tionscadail.
- Taifid chliant a bhunú agus a chothabháil, de réir na dtreoirlínte rúndachta a bhaineann le hábhar.

**5. Cleachtas gairmiúil**

Áirítear air seo na hinniúlachtaí chun:

- Dul i mbun comhairlithe, comhair, fhorbairt leanúnach ghairmiúil, maoirsithe agus taighde chun cleachtas gairmiúil a fheabhsú agus a fhorbairt.
- Meastóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís a sholáthraítear do dhaoine aonair.
- Dul i mbun cleachtais de réir na dtreoirlínte eiticiúla
- Pearsanra seirbhíse agus maoirseachta a eagrú agus a bhainistiú mar is cuí.
- Pleananna straitéiseacha agus oibriúcháin a cheapadh agus a chur chun feidhme do threoirsheirbhísí ar feadh na tréimhse saoil mar is cuí.

## FÍOR 3 CÓD PRIONSABAL DO THREOIRSHEIRBHÍSÍ

**1. Inrochtaine**

Ba cheart treoirsheirbhísí a phoibliú agus teacht a bheith ag gach úsáideoir cáilithe orthu. Ní mór an sprioc-chliantacht, an infhaighteacht agus socruithe ábhartha eile a lua go soiléir i dteangacha, formáidí agus foilseacháin oiriúnacha.

**2. Oiriúnacht**

Níor mhór don treoir a thairgtear do dhaoine a bheith bainteach le hábhar agus oiriúnach do riachtanais an duine ag céimeanna difriúla saoil.

**3. Rúndacht laistigh den dlí**

Ba cheart don phróiseas treorach a bheith rúnda faoi réir theorainneacha eiticiúla agus dlíthiúla agus ba cheart é seo a dhéanamh soiléir don duine.

**4. Cothromaíocht deiseanna**

Ba cheart go mbeadh cothromaíocht deiseanna agus cuimsitheacht mar thaca le gach gné den tsoláthar, lena n-áirítear próisis an tsoláthraí agus na deiseanna a thagann as an bpróiseas treorach.

**5. Neamhchlaontacht**

Ba cheart don treoir a bheith neamhchlaonta. Ba cheart go mbeadh ar chumas soláthraithe a léiriú go n-ofráileann siad seirbhís neamhchlaonta, sin nó aon tosca a d'fhéadfadh teora a chur le neamhchlaontacht na treorach a ofráileann siad a lua.

**6. Úinéireacht agus freagracht an duine aonair**

Ba cheart don phróiseas treorach a bheith cliantlárnach agus díriú ar riachtanais an duine. Tá an cúram ar dhaoine a roghanna féin a dhéanamh, le tacaíocht chuí.

**7. Comhtháthú**

Ba cheart don mheasúnú agus agus don mheastóireacht ar chaighdeán na treorach a bheith cothromaithe agus gnéithe pearsanta/sóisialta, oideachais agus gairme den tseirbhís a chur san áireamh. Ba cheart don mheasúnú a bheith cáilíochtúil agus cainníochtúil.

**8. Caighdeáin cháilíochta na seirbhíse**

Ba cheart don soláthraí seirbhíse feidhmiú de réir chaighdeáin aontaithe seachadta a fholaíonn:

- eolas mionsonraithe i dtaobh sheachadadh na seirbhíse a sholáthar do dhaoine
- eolas cruinn agus reatha a sholáthar do dhaoine mar gheall ar ghairmeacha agus deiseanna oideachais agus oiliúna.
- comhaltaí foirne a fhostú a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an oiliúint chuí acu
- áiseanna agus acmhainní cuí a bheith acu chun riachtanais na gcliantghrúpaí a chomhlíonadh agus chun caighdeán geallta na seirbhíse a shroicheadh

**9. Cur chuige foirne**

Tá sé tábhachtach go n-oibreodh na cleachtóir ar fad san eagraíocht seirbhíse i gcomhar lena chéile chun leasa an chliaint.

**10. Trédhearcacht**

Ba cheart don phróiseas treorach a bheith oscailte agus trédhearcach. Níor mhór do threoirchleachtóirí a mhíniú dá gcliaint i bhfocail shoiléire agus oiriúnacha conas a bhfuil sé i gceist acu oibriú leo sa treoirphróiseas.

**11. Láimhseáil gearán**

Ba cheart go mbeadh nós imeachta gearán ag soláthraithe do dhaoine agus do chórais chun aiseolas cliaint a fháil.

**FÍOR 4** **SAMPLAÍ DE THREOIRSHEIRBHÍSÍ**

**1. Eolas**

Eolas ginearálta nó sonrach a sholáthar ar chúrsaí oideachais, oiliúna, deiseanna gairme agus an margadh saothair

**2. Comhairle**

Cabhrú le daoine ciall a bhaint as eolas agus an rogha is oiriúnaí a roghnú

**3. Comhairleoireacht**

Dul i mbun oibre le daoine chun cabhrú leo a riachtanais a fháil amach, a shoiléiriú, a mheasúnú agus a thuiscint: féadfaidh an chomhairleoireacht a bheith gairmiúil, oideachasúil agus/nó pearsanta

**4. Measúnú**

Cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar a bhforbairt ghairmiúil, oideachasúil agus/nó phearsanta, a chumasaíonn dóibh breithiúnais chuí a dhéanamh

**5. Múineadh agus foghlaim**

Taithí foghlama a sholáthar a chumasaíonn do dhaoine an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fháil a bhaineann le cinnteoireacht gairme, oideachasúil nó pearsanta agus le haistrithe a dhéanamh

**6. Cumasú**

Tacú le daoine déileáil le gníomhaireachtaí a sholáthraíonn deiseanna foghlama nó fostaíochta nó a mbíonn tionchar acu ar dheiseanna foghlama nó fostaíochta

**7. Abhcóideacht**

Idirbheartaíocht a dhéanamh le hinstitiúidí nó gníomhaireachtaí thar ceann daoine

**8. Líonraíocht**

Naisc a bhunú le daoine agus gníomhaireachtaí éagsúla chun tacú le hobair threorach le daoine agus í a fheabhsú

**9. Aiseolas a sholáthar**

Eolas a bhailiú agus a thiomsú ar cé chomh maith is a chomhlíonann an tseirbhís riachtanais na ndaoine aonair

**10. Bainistiú**

Na hacmhainní daonna agus fisiciúla a chomhordú agus a fhorbairt chun clár comhtháite agus éifeachtach treoirghníomhaíochtaí a sholáthar

**11. Meantóireacht**

Meantóirí oiriúnacha, laistigh agus lasmuigh den tseirbhís araon, a úsáid chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine agus do chleachtóirí eile

**12. Nuáil agus athrú córais**

Curaclaim a fhorbairt agus athruithe a chur chun cinn sa chleachtas chun caighdeán na seirbhíse a choimeád agus a fheabhsú.

## Cód prionsabal do threoirsheirbhísí

Molann an Fóram cód de phrionsabail chliantlárnacha a ba chóir a bheith mar bhonn taca faoin treoirsheirbhís agus a sholáthródh bonn ar a bhféadfaí caighdeán na seirbhíse a mheasúnú. Tá na prionsabail seo bunaithe ar chleachtas idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn as tionscadal AE a rinneadh le deireanas (tionscadal maoinithe Leonardo da Vinci *Quality Guidelines for Adult Guidance*[5]). Molann an Fóram chomh maith go gceapfaí cairt do chustaiméirí ag na soláthraithe ar fad bunaithe ar na prionsabail seo, chun daoine a chur ar an eolas i dtaobh an chineál, an leibhéal agus cháilíocht na seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil leis, agus an chaoi a chinntítear go ndéanfar feabhsú leanúnach ar an tseirbhís.

## Measúnú agus meastóireacht ar an treoirsheirbhís

Soláthar treoirsheirbhíse ardchaighdeáin a chinntiú; ba cheart go mbeadh gnáthaimh ann do mheasúnú agus do mheastóireacht inmheánach agus sheachtrach Féadfaidh an measúnú inmheánach na nithe seo a chuimsiú: doiciméadú sholáthar na seirbhíse chun a mheas an bhfuil míreanna ríthábhachtacha á gcur ar fáil ar an gcaighdeán ábhartha; athbhreithniú ar aiseolas a fuarthas ó dhaoine aonair; laigí a aithint agus bearta feabhsúcháin gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chur i bhfeidhm. Ba cheart do mheasúnú seachtrach a bheith neamhspleách, inchreidte agus oiriúnach agus ba cheart gur mheasúnóirí oilte a thabharfadh faoi. Ba cheart go ndéanfaí é laistigh d'amfráma oiriúnach agus go dtacódh sé le feabhsú leanúnach na seirbhíse.

## STRUCHTÚIR NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚLA DO CHUR CHUN FEIDHME

Tar éis a thogra maidir le creat do threoir ar feadh an tsaoil, bunaithe ar chreataí cáilíochta agus inniúlachtaí, a chur i láthair, tá an Fóram den tuairim gur gá struchtúir éifeachtacha fheidhmithe a chur i bhfeidhm ag na leibhéil náisiúnta agus áitiúla agus ag leibhéal aonad an tsoláthraí. (Áirítear ar aonaid soláthraí institiúidí oideachais agus oiliúna agus ionaid, gnólachtaí agus forais pobail nó deonacha.) Ba cheart go gcomhlíonfadh struchtúir ag gach leibhéal critéir áirithe do éifeacht agus éifeachtúlacht, mar a thaispeántar i bhFíor 5, chun seachadadh 'ceangailte' den chreat do threoir ar feadh an tsaoil a chinntiú. Lena chois sin, déanfaidh na struchtúir bheartaithe níos fusa é bearnaí sa soláthar agus sa seachadadh a aithint agus a líonadh, agus cumasóidh siad d'Éirinn leanúint leis an gcomhoibriú a bhí ar bun aici le páirtithe AE ar shroicheadh spriocanna coiteanna do threoir ar feadh an tsaoil.

[5] Glasgow Caledonian University (Centre for Education & Training Development) & Partners (2000). ISSEE Quality Guidelines. Leonardo da Vinci

**FÍOR 5 CRITÉIR DO STRUCHTÚIR NUA**

| Náisiúnta | Áitiúil | Aonad soláthraí |
|---|---|---|
| Tréithe na struchtúr éifeachtach ag an leibhéal náisiúnta<br>» Beidh bonn dlíthiúil agus sainordú soiléir acu<br>» Tuairisceoidh siad do phríomh-Roinn<br>» Beidh cumas oiriúnach feidhmiúcháin acu, lena n» áirítear foireann agus buiséad<br>» Beidh meicníocht chomhairleach leathanbhunaithe acu chun an fheidhmeannacht a choimeád ar an eolas<br>» Cuirfidh siad ceapadh beartais agus seachadadh ceangailte threoirsheirbhís ar feadh an tsaoil a chur chun cinn | Tréithe na struchtúr éifeachtach ag an leibhéal áitiúil<br>» Beidh bonn soiléir dlíthiúil acu<br>» Beidh cumas oiriúnach feidhmiúcháin acu, lena n-áirítear foireann agus buiséad<br>» Imeascfaidh siad soláthar agus seachadadh seirbhíse do dhaoine den uile aois san oideachas, san oiliúint agus sa mhargadh saothair<br>» Nascóidh siad soláthar, seachadadh agus ceapadh beartais treorach náisiúnta agus áitiúil<br>» Beidh ceannach isteach iontu ó ranna rialtais ábhartha agus a ngníomhaireachtaí<br>» Tabharfar guth do sholáthraithe, cleachtóirí, d'úsáideoirí agus do pháirtithe leasmhara eile trí fhoras comhairleach áitiúil | Tréithe na struchtúr éifeachtach ag leibhéal an aonad soláthraí<br>» Úsáidfear na struchtúir bhainistíochta atá anois ann<br>» Cinnteofar go léireofar treoir ar feadh an tsaoil i bpleanáil aonaid agus i bpleanáil eagraíochtúil<br>» Soláthrófar foireann agus cistiú cuí chun na caighdeáin a leagtar síos sna creataí náisiúnta do threoir, cháilíocht agus inniúlachtaí a chomhlíonadh.<br>» Soláthrófar guth d'úsáideoirí, do chleachtóirí agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le soláthar, seachadadh agus beartas treorach. |

| Gach leibhéal |
|---|
| » Uasmhéadófar úsáid na struchtúr a bhí cheana ann ag leibhéal náisiúnta |
| » Úsáidfear soláthraithe a bhí cheana ann chun an tseirbhís fheabhsaithe a sholáthar |
| » Cinnteofar go mbeidh na struchtúir caol agus go ndíreoidh siad ar a gcuspóirí cruinne. |

## Struchtúir nua mholta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla

Bunaithe ar a anailís ar an treoirsheirbhís in Éirinn agus ar bheartas agus ar chleachtas idirnáisiúnta, molann an Fóram go mbunófaí struchtúir nua ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla a dhéanfaidh réaltacht den treoir ar feadh an tsaoil.

## Struchtúir ag an leibhéal náisiúnta

Chun cur chun feidhme éifeachtach an chreat do threoir ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, molann an Fóram go mbunófaí dhá cheann de struchtúir idirnasctha ag leibhéal náisiúnta: **Gníomhaireacht Náisiúnta do Threoir** agus **Fóram Náisiúnta do Threoir**. Taispeántar feidhmeanna an dá struchtúr i bhFíor 6.

## FÍOR 6 FEIDHMEANNA NA STRUCHTÚR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

| An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir | An Fóram Náisiúnta do Threoir |
|---|---|
| **1.** Tograí bheartas treorach a mholadh don Rialtas ag féachaint do chomhairle an Fhóraim Náisiúnta do Threoir | **1.** Comhairle a chur ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Threoir maidir le beartas náisiúnta do threoir |
| **2.** Maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh na treorach ar feadh an tsaoil ar bhealach atá éifeachtach, éifeachtúil agus gan uaim; seirbhísí a mheas | **2.** Tuairiscí a bhreithniú ón struchtúr áitiúil comhoibrithe agus comhairle á cur ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Threoir |
| **3.** Maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Thuarascáil an Chéad Fhóraim Náisiúnta do Threoir a cuireadh ar aghaidh i Eanáir 2007 (an tuarascáil seo) | **3.** Comhairle a chur ar an nGníomhaireacht maidir le cur chun feidhme bheartas náisiúnta do threoir |
| **4.** Idirchaidreamh a dhéanamh agus tuairiscí a fháil ón Struchtúr Comhordaithe Áitiúil | **4.** Réimsí ina bhféadfaí comhoibriu le soláthraithe, cleachtóirí agus páirtithe leasmhara eile a aithint agus a mholadh |
| **5.** Idirchaidreamh a dhéanamh le fóraim náisiúnta do threoir i dtíortha an AE, an ECFE agus i dtíortha eile mar is cuí | **5.** Obair fhóraim náisiúnta eile do threoir a bhreithniú agus comhoibriú leo mar is cuí |
| **6.** Taighde ar an treoirsheirbhís a choimisiúnú, mar is gá | **6.** Taighde ar threoir a bhreithniú |
| | **7.** Tuairisciú don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir faoi gach ceann de na ceannteidil agus i bhformáid a shocróidh an Ghníomhaireacht |

## Comhdhéanamh na Gníomhaireachta Náisiúnta do Threoir

Beidh cathaoirleach ar an nGníomhaireacht do Threoir Náisiúnta arna cheapadh ag an rialtas agus bord de idir ochtar agus deichniúr a bhféadfadh ionadaithe de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, An tÚdarás um Ardoideachas, FÁS, chomhlachtaí bainistíocht oideachais, chomhlachtaí gairmiúla, cleachtóirí agus úsáideoirí a bheith san áireamh ann. Beidh Cathaoirleach an Fhóraim Náisiúnta do Threoir ina bhall ex-officio den bhord. Tuairisceoidh an Ghníomhaireacht le príomh-Roinn a shocróidh an rialtas agus bunófar í le hIonstraim Reachtúil. (Ba cheart í a bhunú ar bhonn eatramhach ar feitheamh ar eisiúint na hIonstraime Reachtúla).

Déanfaidh na Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir, in éineacht lena sainordú nua, na tascanna a dhéantar i láthair na huaire ag an Ionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas agus faoi théarmaí tagartha treorach an Aonaid Sheirbhísí Fostaíochta in FÁS.

Ar an bhfoireann beidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, speisialtóir i dtreoir sa mhargadh saothair, speisialtóir i dtreoir san oideachas agus oifigeach riaracháin le cois foireann an na Gníomhaireachta agus an Aonaid Sheirbhísí Fostaíochta. Ba cheart tabhairt faoi staidéar mionsonraithe chun na leibhéil foirníochta optamacha a shocrú don Ghníomhaireacht i bhfianaise thograí an Fhóraim.

Tiocfaidh bord na Gníomhaireachta Náisiúnta do Threoir le chéile ocht n-uaire sa bhliain agus beidh téarma oifige trí bliana aici. Is é an phríomh-Roinn a ainmneofar ag an Rialtas a leithdháilfidh an buiséad. Tuairisceoidh an bord don phríomh-Roinn ainmnithe, don Aire Oideachais agus Eolaíochta agus don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

## Comhdheánamh an Fhóraim Náisiúnta do Threoir

Ar chomhaltacht an Fhóraim Náisiúnta do Threoir beidh ionadaithe rialtais, oideachais agus soláthraithe oiliúna, páirtithe sóisialta agus úsáideoirí. Beidh cathaoirleach neamhspleách ar an bhFóram arna ainmniú ag an Rialtas. Beidh ionadaí ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Threoir ar bhord an Fhóraim chun comhtháthú agus comhordú a éascú laistigh den treoirsheirbhís náisiúnta ar feadh an tsaoil.

Bunófar an Fóram leis an Ionstraim Reachtúil a bhunóidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir. Beidh dhá chruinniú sa bhliain aige mar a fhoráltar dó san Ionstraim Reachtúil. Téarma oifige trí bliana a bheith aige. Ba cheart téarmaí oifige bhord an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir agus an Fhóraim Náisiúnta do Threoir a phleanáil sa chaoi nach mbíonn siad beirt ag athrú ag an am céanna, chun leanúchas a chinntiú. Déanfar an soláthar céanna d'fhoireann agus do bhuiséad an Fhóraim agus a dhéanfar i gcás na Gníomhaireachta Náisiúnta do Threoir.

## Struchtúir ag an leibhéal áitiúil

Chun cur chun feidhme éifeachtach an chreat do threoir ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, molann an Fóram go mbunófaí dhá cheann de struchtúir idirnasctha ag an leibhéal áitiúil: **Bord do Chomhordú Threoir ar feadh an tSaoil agus Fóram Áitiúil do Threoir**. Taispeántar feidhmeanna an dá struchtúr i bhFíor 7 thíos.

### FÍOR 7 FEIDHMEANNA NA STRUCHTÚR ÁITIÚIL


| An Bord do Chomhordú Threoir ar feadh an tSaoil | An Fóram Áitiúil do Threoir |
|---|---|
| **A chinntiú**<br>**1.** Go mbíonn seachadadh threoir ar feadh an tsaoil ag soláthraithe mhargadh saothair agus oideachais comhordaithe<br>**2.** Go seachadtar beartas do threoir ar feadh an tsaoil go héifeachtach ag leibhéal contae/contaebhuirge<br>**3.** Go mbunófar fóram áitiúil do threoir<br>**4.** Go gcuirfear tuairiscí ar sheachadhadh treoirsheirbhís ar feadh an tsaoil agus ar bheartas do threoir ar aghaidh faoi dhó sa bhliain don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir agus don Fhóram Náisiúnta do Threoir. | **1.** Deis a sholáthar do sholáthraithe, do chleachtóirí agus d'úsáideoirí áitiúla tionchar a bheith acu ar an mbeartas do threoir agus meastóireacht a dhéanamh ar an treoirsheirbhís sa cheantar áitiúil<br>**2.** Bearnaí a aithint sa soláthar seirbhíse<br>**3.** Moltaí a dhéanamh don Bhord do Chomhordú Threoir ar feadh an tSaoil ar cheisteanna a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil |

Beidh idir 8-11 comhalta ar an mBord do Chomhordú Threoir ar feadh an tSaoil lena n-áirítear ionadaithe oideachais agus bainistíocht mhargadh saothair, cleachtóirí, usáideoir agus ball den Bhord Forbartha Contae nó Cathrach. Chun nascaíochtaí éifeachtacha do sheachadadh seirbhíse do dhaoine fásta a chinntiú, ba cheart go mbeadh comhordaitheoir an Cumann um Threoir Oideachais do Dhaoine Fásta agus bainisteoir Sheirbhísí Fostaíochta FÁS mar bhaill ex-officio den Bhord.

Is iad na hAirí Oideachais agus Eolaíochta agus Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a chinnfidh stádas an Bhoird do Chomhordú Threoir ar feadh an tSaoil tar éis moladh a fháil ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Threoir. Ní bheidh foireann bhreise de dhíth ar an mBrod agus buiséad measartha beag a bheidh i gceist dó. Cuirfear na buiséid do na boird áitiúla ar fáil don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Threoir ag an bpríomh-Roinn mar a chinnfidh an Rialtas é.

Eagróidh an Bord an Fóram Áitiúil do Threoir mar ócáid bhliantúil agus tabharfar cuireadh d'úsáideoirí, do chleachtóirí agus do sholáthraithe a bheith i láthair.

FIGURE 4 CREAT AN STRUCHTÚIR EAGRAÍOCHTÚIL CHUN TREOIR AR FEADH AN TSAOIL A SHOLÁTHAR SHOLÁTHARR ONG GUIDANCE




Léirionn an saighead soladach gaol tuairisciú díreach ar oibriú foriomlán, e.g. Cistítear an GNT ag an bpríomh-Roinn agus tuairisceoidh sé gach bliain leis an bpríomh-Roinn ar chur chun feidhme beartais. Léirionn an saighead briste gaol feidhmiúil cúng, e.g. ainmníonn an phríomh-Roinn an cathaoirleach.

* Ní fhostófar aon fhoireann go díreach chun an críche seo. Socróidh an phríomh-roinn an chaoi a ndéanfar an an Bord do Chomhordú Áitiúil na Treorach agus an Fóram Áitiúil do Threoir a sheirbhísiú.

# 03

**Cuid 2:** An fáth go bhfuil straitéis chomhtháite do threoir ar feadh an tsaoil de dhíth ar Éirinn

Tá an Fóram ag ceapadh a thograí maidir le straitéis chomhtháite do threoir ar feadh an tsaoil le hais cúlra d'athrú suntasach i mbeartas agus i gcleachtas treorach ag an leibhéil náisiúnta agus Eorpach araon, agus laistigh de chomhthéacs níos leithne d'athrú eacnamúil agus sóisialta. Achoimríonn an chuid seo den tuarascáil na príomhmhíreanna de bheartas agus chleachtas na hÉireann agus na hEorpa atá fíorthábhachtach d'fhorbairt treoirsheirbhísí in Éirinn agus a sholáthraíonn comhthéacs do thograí an Fhóraim.

## BEARNAÍ A AITHINT I MBEARTAS AGUS I GCLEACHTAS TREORACH NA HÉIREANN

Le deich mbliana anuas, chonacthas forbairtí suntasacha a chuaigh i gcion ar sholáthar treoirsheirbhísí sna hearnálacha oideachais agus margadh saothair in Éirinn. Chomhshnaidhm an beartas náisiúnta roinnt tionscnamh tábhachtach a dhírigh acmhainní ar threoir agus a mhúnlaigh an chaoi a sheachadtar seirbhísí do ghrúpaí éagsúla. Tá an raon soláthair leathnaithe ach mar a fheicfear sa roinn seo den tuarascáil, tá sé fanta rud beag ilroinnte agus scartha, rud a aibhsíonn an gá atá le comhtháthú breise sa todhchaí.

Ar na téamaí agus na huirlisí beartais náisiúnta a raibh tionchar acu ar sholáthar reatha na dtreoirsheirbhísí, tá:

- Reachtaíocht a cheapadh do sholáthar sheirbhísí tacaíochta oideachais, lena n-áirítear treoir chuí. *Acht Oideachais* (1998)
- Rochtain, aistriú agus forchéimniú a éascú trí leibhéil dhifriúla Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí, ar mórthionscamh náisiúnta é a nascann na hearnálacha oideachais agus oiliúna. *Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999*
- Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí daoine óga i mbaol a chumasú chun fanacht laistigh den chóras foirmiúil oideachais, le tacaíocht treorach. *A New Deal*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999); *DEIS Action Plan for Educational Inclusion,* An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005)
- Iontráil nó athiontráil a éascú chuig an margadh saothair gníomhach, go háirithe do dhaoine imeallaithe. *Ráiteas Straitéise FÁS* (2002-2005): *Ag Tógáil ar ár bhFís*
- Tábhacht ról na seirbhíse fostaíochta poiblí in athimeascadh daoine dífhostaithe leis an margadh saothair. *White Paper on Human Resource Development*, An Roinn Fiontair, agus Fostaíochta (1997)
- Forbairt náisiúnta shóisialta agus eacnamúil a bhaint amach trí oideachas agus oiliúint (lena n-áirítear treoir) agus cuimsiú sóisialta. *An Plean Náisiúnta Forbartha 2000-2006; An Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013* (á ullmhú)

- Príomhshruthú gairmthreorach agus seirbhísí socrúchán poist do dhaoine atá faoi mhíchumas. *A Strategy for Equality – Report of the Commission on the Status of People with Disabilities* (2000)
- Prionsabail agus tosaíochtaí a bhunú d'fhorbairt na foghlama ar feadh an tsaoil lena n-áirítear An Cumann um Threoir Oideachais do Dhaoine Fásta. *Learning for Life, White Paper on Adult Education* (Lúnasa 2000).
- Cur chuige réamhghníomhach a shaothrú i leith tinreamh scoile, chun tacú le páistí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. *An tAcht um Leas Oideachais* (2000)
- Treoir agus eolas chuimsitheach agus chomhleanúnach a sholáthar mar chuid de chreat straitéiseach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. *Report of the Taskforce on Lifelong Learning* (2002)
- Scileanna a fhorbairt d'athrú, d'oiriúnú agus do ghluaisteacht sa lucht saothair. *An Plean Náisiúnta Gníomhaíocht Fostaíochta* (2003)
- Ag tógáil sochaí chothrom chuimsitheach agus ag cuidiú leis an dea-bhail eacnamúil agus shóisialta. *An Clár um Rathúnas agus Cothroime* (2000-2002); *I dtreo 2016* (2006)

Taispeánann taighde agus comhairliú an Fhóraim go bhfuil an soláthar treorach in Éirinn i láthar na huaire ilroinnte go maith, agus go bhfuil mórchuid soláthraithe éagsúla ag soláthar seirbhísí do spriocghrúpaí éagsúla i raon leathan suíomh oideachais agus margadh saothair. Do shrac-chuntas ar an soláthar reatha, féach an aguisín a achoimríonn an páipéar scóipeála cúlra a réitigh an Fóram. Tá téacs iomlán an pháipéir, *Guidance in Ireland,* san áireamh ar an CDRom coimhdeach.

Chomh maith leis an taighde a rinne an Fóram féin, tá roinnt staidéar, go háirithe iad siúd a rinne an ECFE, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scile Amach Anseo tar éis scrúdú a dhéanamh ar an soláthar treorach in Éirinn agus bearnaí agus dúshláin a aithint nár mhór díriú orthu ó thaobh beartais agus ó thaobh cleachtais de. Achoimrítear príomhthátail na staidéar úrnua seo thíos, chun cúlra a sholáthar do thogra an Fhóraim maidir le straitéis do threoir ar feadh an tsaoil don todhchaí. Agus tátail na n-athbhreithnithe éagsúla á mbreithniú, dhírigh an Fóram, de réir a shainmhíniú comhtháite ar threoir, ní amháin ar an riachtanas eacnamúil do threoirsheirbhísí níos fearr, ach chomh maith leis sin ar an ról tábhachtach atá ag an treoir i gcur chun cinn fhorás pearsanta agus chuimsiú éifeachtach sóisialta atá, dar leis an bhFóram, ríthábhachtach mar réamhriachtanais den fhorbairt eacnamúil sobhuanaithe.

## Athbhreithniú ECFE ar Bheartais Ghairmthreoracha (2002)

Rinne an ECFE athbhreithniú ar bheartais ghairmthreoracha i gceithre cinn déag de thíortha, agus Éire san áireamh, in 2001-2002. Tugann an *Nóta Tíre* ar Éirinn an for-radharc gonta seo a leanas ar sheirbhísí eolais ghairme agus ar threoirsheirbhísí.

> *Tá eolas gairme, treoirsheirbhísí agus seirbhísí comhairleoireachta éagsúla in Éirinn agus faightear seirbhísí seanbhunaithe le hais tionscnaimh agus trialacha spéisiúla úrnua. Is ag an earnáil phoiblí atá an príomhról, ach i ndáiríre roinntear sheachadadh seirbhíse idir an iliomad áisínteachtaí rialtais, agus tá ról chomh maith ag an earnáil phríobháideach agus ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghairmchleachtóirí. Tá croí láidir de threoirghairmithe tiomanta in Éirinn, agus tacaítear leo ag creat forleathan institiúide do sheachadadh seirbhíse, ag creat náisiúnta oiliúna, agus an Ionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas, ar áisíneacht í de Roinn Oideachais agus Eolaíochta laistigh den phunann oideachais. Is cosúil go bhfuil meas ag daoine aonair ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil, mar is amhlaidh i gcás phríomhoidí scoile. Tá bonn soiléir reachtúil ag an treoir sna punainn oideachais agus saothair araon, agus léirítear a tábhacht i roinnt tionscnamh beartas náisiúnta a glacadh le deireanas, mar shampla iad siúd a phléann le haosoideachas agus le seirbhísí do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste. Cé gur éagsúil na seirbhísí seo, ní ghnách dóibh a bheith speisialaithe. Is beag seirbhís a dhíríonn ar eolas, ar threoir agus ar chomhairleoireacht gairme amháin agus ní áirítear aon cheann den dá mhórsheirbhís orthu. (ECFE, 2002)*

Ba é tátal an *OECD Review of Career Guidance Policies* :

> *Agus í ag druidim níos gaire do chur chuige ar feadh an tsaoil i leith soláthar eolas gairme, treoirsheirbhísí agus seirbhísí comhairleoireachta, is iomaí neart atá ag Éirinn. Tá an bonn reachtach gan locht, tá meon ann atá ar son tionscnaimh agus trialach, is gairm tiomanta í an ghairm, agus tá an chosúlacht go bhfuil meas ar an iomlán ar na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. (ECFE, 2002)*

Tar éis roinnt bearnaí tábhachtacha a aithint sa soláthar agus sa chleachtas reatha, rinne athbhreithniú ECFE moltaí le haghaidh gnímh i gcúig cinn de phríomhréimsí mar a thaispeántar i bhFíor 8, agus rinneadh taiscéaladh breise ar na réimsí seo ag an bhFóram agus ag staidéir eile ina dhiaidh sin a luaitear níos déanaí sa chuid seo.

## Braistintí an Phobail i gCoitinne maidir le Treoir agus Treoirsheirbhísí: The Report of the Consultative Process of the National Guidance Forum (Hayes and Murray, 2006)

Chuaigh an Fóram Náisiúnta do Threoir i mbun taighde agus comhairliú i measc bhaill den phobal i gcoitinne chun a dhéanamh amach cérbh é a dtaithí, agus a dtuairimí agus a moltaí do threoirsheirbhísí in Éirinn. Ba é an chéad taighde mar é agus bhí sé ar cheann de na príomh-mhíreanna oibre a rinne an Fóram. Chuimsigh an mhodheolaíocht don phróiseas comhairliúcháin:

» Athbhreithniú forleathan ar litríocht na hÉireann agus litríocht idirnáisiúnta maidir le treoir chun comhthéacs a sholáthar don phróiseas comhairliúcháin mar aon le hardán óna bhféadfaí ciall a bhaint as tátail an taighde.

» Ceistneoir a d'eisigh comhaltaí an Fhóraim do bhaill den phobal i gcoitinne agus do raon eagraíochtaí agus foras deonach (fuarthas 635 freagairt)

» Seacht gcinn de ghrúpaí fócais, a chumasaigh taiscéaladh níos mine ar cheisteanna le grúpaí a spriocaimsíodh go sonrach, lena n-áirítear daoine aosta, tuismitheoirí pháistí réamhscoile agus bunscoile, daoine ó thíortha éagsúla, daoine a raibh míchumas fisiciúil agus/nó foghlama orthu chomh maith le daoine a bhí dífhostaithe nó a bhí ag maireachtáil ar ioncam íseal (72 rannpháirtí).

Tugtar srac-chuntas achomair anseo ar thátail an taighde. Tá tuarascáil iomlán ar an bpróiseas comhairliúcháin san áireamh ar an CDRom coimhdeach.

Achoimríonn Fíor 9 tátail an phróisis chomhairliúcháin i roinnt eochair-réimsí.

## Bearnaí a aithint sa soláthar agus sa chleachtadh treorach reatha

D'aithin an próiseas comhairliúcháin roinnt bearnaí sa soláthar agus sa chleachtas treorach reatha. Den 578 freagróir a dúirt go bhfuair siad formhór a gcuid scolaíochta in Éirinn, d'fhreagair 333 an cheist 'Cé chomh cabhrach is a bhí an treoir sa scoil?' Dúirt breis is ceathrú de na freagróirí go raibh an treoir 'míchabhrach' nó 'an-mhíchabhrach', agus dúirt breis is dhá dtrian díobh nárbh eol dóibh cá háit a mbeadh teacht acu ar threoirsheirbhísí. Rátaigh trí cheathrú nach mór an t-eolas mar an ghné is tábhachtaí den treoir agus léirigh 58 faoin gcéad gurbh é an t-eolas an t-aon treoir shuntasach a fuair siad. Tá cliantghrúpaí ar leith ann atá go dona as ó thaobh sholáthar treorach, lena n-áirítear daoine fásta, lucht luathfhágála na scoile agus daoine óga atá i mbaol, mar shampla daoine óga atá ag freastal ar Ógtheagmháil nó Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe. Bhraith mórchuid tuismitheoirí nár leor an soláthar gairmthreorach a bhí ann dá bpáistí. Mórthoradh den taighde ná an tátal gur gá díriú ar úsáideoirí seirbhíse a chumhachtú agus páirt ghníomhach a thabhairt dóibh sa treoirphróiseas, agus gur gá go mbeidís bainteach le dearbhú cáilíochta treoirsheirbhísí.

Cuireann tuarascáil an phróisis chomhairliúcháin ar aghaidh roinnt moltaí chun feabhas a chur ar threoirsheirbhísí, mar a thaispeántar i bhFíor 10.

## FÍOR 8 MOLTAÍ ECFE LE HAGHAIDH GNÍMH

**1. Cothromaíocht seirbhíse níos fearr sna scoileanna**

Cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir seirbhísí san iarbhunscoil uachtarach agus san iarbhunscoil íochtarach agus idir *seirbhísí gairmbhunaithe* agus *treoir phearsanta agus shóisialta agus comhairleoireacht*

(a) Uirlisí níos córasaí a fhorbairt chun riachtanas mac léinn a mheasúnú chun cothromaíocht seirbhísí níos fearr a bhaint amach idir na sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha iarbhunscoile, idir scoileanna difriúla, agus idir scoileanna agus institiúidí Iar-Ardteistiméireachta

(b) Cur chuige forbraíoch nó curaclambhunaithe níos láidre a ghlacadh i leith cúnamh gairme sna scoileanna trí:

- Oideachas gairme a chuimsiú mar mhír éigeantach i gcuraclam na hIdirbhliana;
- Na modúil san Ardteistiméireacht Fheidhmeach a bhfuil baint acu le gairmeacha a chomhshnaidhmeadh le raon níos leithne de chláir Ardteistiméireachta;
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach a dhéanamh níos tarraingtí trí a threoirlínte a mhaolú chun solúbthacht níos mó a thabhairt do dhaltaí i roghnú a n-ábhar

(c) Ráiteas soiléir a eisiúint ag an rialtas go gcuimsíonn 'treoir chuí' mar a shonraítear í san Acht Oideachais 1998 teacht ag gach dalta ar chúnamh dá gcinnteoireacht gairme.

(d) Agus impleachtaí acmhainne ráitis mar sin á mbreithniú, níor mhór cur chuige níos leithne a ghlacadh seachas fócas simplí ar chóimheasanna idir daltaí agus gairmchomhairleoirí.

**2. Cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe i leith eolas gairme**

(a) Táirge leictreonach nua agus níos uileghabhálaí a fhorbairt

(b) Córas iontrálacha aontaithe iar-iarbhunscoile a fhorbairt

(c) Caighdeáin a shocrú do gach cineál eolas gairme

(d) Cur chuige forbraíochta níos láidre a ghlacadh i leith eolas gairme sna scoileanna, chun líonraí agus taithí a chomhtháthú le chéile i straitéisí eolas gairme.

**3. Cur chuige níos comhtháite i leith scileanna, cáilíochtaí agus gairmeacha cleachtóirí**

Creat coiteann caighdeán a fhorbairt do na scileanna, don eolas agus do na hinniúlachtaí a bhíonn ag teastáil ó gach oibrí gairmthreorach ag gach leibhéal agus i ngach earnáil

**4 Cur chuige níos comhtháite i leith spriocanna agus acmhainniú**

(a) Díriú ar an mbearna atá ann faoi láthair i dteacht daoine fásta ar sheirbhísí, agus go háirithe i gcás daoine fásta nach bhfuil sa lucht saothair, trí:

- Treoirlínte na bpíolótaí treoracha aosoideachais a mhionathrú; nó
- Úsáid níos fearr a bhaint as forálacha an Acht um Sheirbhísí Saothair 1987 a chumasaíonn seachadadh seirbhíse a thabhairt ar conradh do ghrúpaí pobail; nó an dá cheann seo

(b) Díriú ar na dreasachtaí díchumtha féideartha a d'fhéadfadh teacht as táille a ghearradh ar aosaigh as teacht ar chineál amháin seirbhíse ach ní ar chineálacha eile

(c) A chinntiú, trí ráiteas poiblí ón rialtas, go n-úsáidtear acmhainní a leithdháiltear ar scoileanna do threoir chun na críche sin.

**5. Stiúir, rialachas agus comhordú feabhsaithe**

Sonraí agus monatóireacht ar úsáid na seirbhíse a fheabhsú, agus comhordú níos fearr a dhéanamh i measc na n-eochair-imreoirí ag an leibhéal náisiúnta.

(a) Díospóireacht a eagrú le soláthraithe oiliúna maidir le hábhar curaclaim a eagrú ar bhealach níos láraithe laistigh den rialtas

(b) Uirlis taifead cliaint a fhorbairt d'úsáid gairmchomhairleoirí i scoileanna agus in institiúidí Iar-Ardteistiméireachta

(c) Fóram gairmthreorach Éireannach a chruthú ar bhonn seasta, agus obair i bpáirt agus comhar a neartú idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus FÁS ar roinnt ceisteanna ar leith.

## FÍOR 9 TÁTAIL AN PHRÓISIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

**Tuairimí daoine ar an treoir**

Cé go raibh daoine áirithe criticiúil mar gheall ar an gcineál treorach a fuair siad, bhí daoine eile an-soiléir faoi na buntáistí agus faoi ról na treorach i gcuidiú leo teacht ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Measadh go raibh ról níos leithne ag an treoir ná díreach cabhrú le daoine a bhí ag roghnú gairme.

**Treoir do pháistí agus do dhaoine óga**

Bhí raon leathan tuairimí ann mar gheall ar threoirsheirbhísí sna scoileanna, ach bhíothas ar aon intinn nach mór mar gheall ar thábhacht na treorach. Rinne daoine roinnt moltaí maidir leis an gcaoi a d'fhéadfaí treoirsheirbhísí do pháistí agus do dhaoine óga a fheabhsú amach anseo.

**Treoir do dhaoine fásta**

Bhíothas ar aon intinn nach mór gur gá fócas na treorach a leathnú chun daoine fásta fostaithe chomh maith le dífhostaithe, daoine fásta a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad siúd a thuilleann ioncam maith, mic léinn ardoideachais agus daoine fásta ar scor a chur san áireamh. Tugann an taighde le fios go bhfuil ard-mheas ag mórchuid daoine ar an treoir.

**Oiliúint agus rialú cáilíochta**

Bhí rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin den tuairim nach raibh dóthain oiliúna ar roinnt threoirchomhairleoirí a d'oibrigh i scoileanna go dtí seo agus bhí fonn orthu go ndíreofaí ar an easnamh seo amach anseo, go ndéanfaí monatóireacht ar chleachtóirí agus go gcloífí le hardchaighdeáin ghairmiúla.

**Teacht ar threoirsheirbhísí**

Luaigh mórchuid daoine deacrachtaí maidir le teacht ar threoirsheirbhísí, do pháistí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Is féidir é seo a chur síos do easpa eolais, easpa cáilitheachta chun seirbhísí a fháil, easpa féinmhuiníne agus easpa maoinithe.

**Beartas á chur chun feidhme**

Cé nach raibh cur amach ag gach rannpháirtí sa phróiseas comhairliúcháin ar dhoiciméid bheartais na hÉireann agus na hEorpa, bhí an-chosúlacht idir an tuairim a bhí ag an bpobal i gcoitinne agus tuairim lucht ceaptha beartais ar thábhacht na treorach ar feadh an tsaoil. Is léir go gcreideann an pobal i gcoitinne agus lucht ceaptha beartais araon gur gá infheistíocht bhreise a dhéanamh i dtreoirsheirbhísí in Éirinn chun tacú le cur chun feidhme threoirbheartais ar feadh an tsaoil.

**Freagracht aonair**

An dúshlán do lucht ceaptha beartais, soláthraithe seirbhíse, oiliúnóirí agus cleachtóirí ná a chinntiú go mbíonn teacht ar threoirsheirbhísí dea-acmhainnithe, dea-eagraithe ag gach duine a dteastaíonn an tseirbhís uathu nó a bhfuil gá acu leis an tseirbhís. Ag an am céanna caithfear meas a chothú ar cheart an duine gan leas a bhaint as seirbhísí.

**FÍOR 10**

**MOLTAÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR NA TREOIRSHEIRBHÍSÍ**

- An soláthar treorach a leathnú ionas go mbeidh sé ar fáil ón réamhscoil go dtí am scoir
- A chinntiú go mbíonn na daoine atá ag obair sna treoirsheirbhísí dea-oilte agus dea-thacaithe, agus go mbíonn gnáthaimh do dhearbhú cáilíochta i bhfeidhm
- A chinntiú go mbíonn treoirsheirbhísí ar fáil in áiteanna cuí agus áisiúla agus go mbíonn siad dea-acmhainnithe
- Treoir a sholáthar atá indibhidiúil agus oiriúnach do dhítheanna daoine aonair sa chaoi a gcuirtear é ar fáil, cé a chuireann é a fáil agus na modhanna a úsáidtear
- Ról tuismitheoirí, múinteoirí, fostóirí agus oibrithe treorach eile a aithint agus a thacú
- Daoine a threorú chun leas a bhaint as treoirsheirbhísí trí:
  - Iad a chur ar an eolas i dtaobh seirbhísí trí dhul i mbun fograíocht leathan a shroichfidh na spriocghrúpaí gan dua
  - Cabhrú leo teacht ar threoir trí thacaíochtaí leordhóthaineacha a sholáthar
  - Seirbhísí leantacha a sholáthar má tá gá leo
  - Naisc a neartú le gníomhaireachtaí atreorúcháin.

## Athbhreithniú ar an Treoir in Iarbhunscoileanna: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta: (2006)

Chríochnaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta athbhreithniú fairsing ar an treoir in iarbhunscoileanna sa bhliain 2006. Ba iad ceithre snáithe an taighde:

1. Suirbhé cainníochtúil agus cáilíochtúil ar úsáid acmhainní seach-chuóta a sholáthair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do threoir, a rinne an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas i ngach scoil dara leibhéil (738).
2. Suirbhé ceistneora i 260 de 738 scoileanna, arna dhéanamh ag an Instiitiúid do Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).
3. Cás-staidéir chuimsitheacha lena mbeadh príomhoidí, leas-phríomhoidí, treoirchomhairleoirí agus daltaí bainteach i 15 scoil arna roghnú as na scoileanna a rinneadh suirbhé orthu i Snáithe 2, i suirbhé an ESRI
4. Agallaimh ghrúpaí focais le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear tuismitheoirí agus daltaí, a rinne taighdeoir ón Roinn Oideachais, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus a chomhordaigh an Ionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas.

*(Tá tuarascáil iomlán an aithbhreithnithe ar fáil ar láithreán Gréasáin an Roinn Oideachais agus Eolaíochta http://www.education.ie/servlet/blobservlet/review_guidance_second_level_schools.doc?language=EN).*

D'aithin an t-athbhreithniú cuid de na príomhcheisteanna agus na príomhdhúshláin atá le sárú ag soláthar treorach scoilbhunaithe, a bhaineann leis na tograí atá á gcur ar aghaidh ag an bhFóram.

### Acmhainní don treoir

Cuireann an tsamhail treorach atá i bhfeidhm in iarbhunscoileanna béim láidir ar threoir duine le duine, go háirithe ag an tsraith shinsearach. Teastaíonn a lán acmhainní chuige seo, agus deir an t-athbhreithniú go bhfuil na scoileanna go mór faoi bhrú ó thaobh acmhainní de agus iad ag iarraidh freastal ar an éileamh ar threoir. Níl dóthain tacaíochta ar fáil nuair a bhíonn comhairleoireacht phearsanta de dhíth ar dhalta do thréimhse fada, ionas go gcruthaítear neamhchothroime idir rólanna éagsúla an ghairmchomhairleora atá ag iarraidh treoir phearsanta aonair, gairmthreoir, treoir oideachasúil, eolas gairme agus cláir forbartha oideachasúil a sholáthar mar aon le dul i gcomhairle le tuismitheoirí. Dúirt daltaí go raibh teacht theoranta ar Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide chun críocha treorach. Bhí neamhchothroime chomh maith idir soláthar treorach ag an tsraith shóisearach agus ag an tsraith shinsearach i bhformhór na scoileanna. Ach fuair an t-athbhreithniú gur cuireadh ar chumas na scoileanna a bhí páirteach

sa Tionscnamh do Fheabhsú Treorach treoir ghrúpa agus treoir duine le duine a sholáthar ag an tsraith shóisearach, rud a mhisnigh daltaí chun dul ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach agus an t-ardoideachas.

**Próifíl agus ról an ghairmchomhairleora**

The personal qualities of guidance counsellors are considered one of the main strengths of the guidance services in post-primary schools. Deirtear ina dtaobh go bhfuil siad sochaideartha, solúbtha, tiomanta don obair agus go n-oibríonn siad go crua. Mná is ea dhá dtrian díobh agus tá trian díobh sin atá ag cleachtadh faoi láthair cáilithe le fiche bliain nó níos mó. Níl aon cháilíochtaí treorach ag duine amháin i ngach cúigear treoirchleachtóirí, nach mór, sna scoileanna (18 faoin gcéad). Thuairiscigh treoirchomhairleoirí go raibh sé deacair orthu a rólanna éagsúla teagaisc, soláthar eolais, treorach agus comhairleoireachta a choinneáil ag imeacht ag an am céanna. Tá roinnt mearbhaill ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí chomh maith faoi cad iad teármaí tagartha na ngairmchomhairleoirí agus cén oiliúint atá acu.

**Forbairt ghairmiúil do threoirchomhairleoirí**

D'aithin an t-athbhreithniú go raibh gá le forbairt ghairmiúil chórasach leantach do ghairmchomhairleoirí le linn a dtréimhse gairme. Aithníonn an Fóram go bhfuil sé seo riachtanach go háirithe i gcomhthéacs athruithe a théann i gcion ar thimpeallacht oibre an ghairmchomhairleora, agus na rudaí seo a leanas san áireamh

- teidlíocht daltaí ar threoir oiriúnach
- beartais náisiúnta do fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do chuimsiú sóisialta/oideachasúil
- an gá atá le clárphleanáil treorach
- teacht níos fusa ar oideachas do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- forbairtí i dtástáil síciméadrach
- tabhairt isteach chreat náisiúnta cáilíochtaí
- infhaighteacht níos forleithne de theicneolaíocht eolais agus chumarsáide, lena n-áirítear treoiracmhainní bunaithe le Gréasán.

## Gairmeacha agus Eolas Margadh Saothair in Éirinn: Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe ar Dhítheanna Scileanna Amach Anseo (2006)

D'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe do Dhítheanna Scile Amach Anseo tuarascáil ar Eolas Gairme agus Margadh Saothair in Éirinn, a scrúdaigh bailiú agus scaipeadh eolas gairmthreorach ar fud na gcóras oideachais agus oiliúna. Ba é tátal na tuarascála ná go bhfuil roinnt mhaith foinsí eolas gairme ann atá ag éirí níos infhaighte d'úsáideoirí neamhghairmiúla an t-am ar fad. Tá deacrachtaí ann, más ea, le leibhéil feasachta mar gheall ar fhoinsí eolas ardchaighdeáin ar ghairmeacha agus le hinfhaighteacht roinnt den eolais. Deir an tuarascáil, go háirithe, go bhfuil riachtanais treorach daoine fásta níos éagsúlaí ná riachtanais grúpaí eile, go háirithe i gcásanna nuair is daoine fásta leochaileacha atá i gceist atá ag filleadh ar an margadh saothair nó a bhfuil súil acu cur lena leibhéil scile tar éis iomarcaíochta. Déanann an Grúpa Saineolaithe roinnt moltaí agus molann go rachadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i gcomhar lena chéile chun moltaí a chur chun feidhme i gcomhar leis na gníomhaireachtaí cuí agus na cumainn ghairmiúla.

Baineann príomhmholtaí na tuarascála le forbairt tairseach náisiúnta gairmeacha bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, a d'úsáidfeadh focail shoiléire agus a bheadh furasta le húsáid, tarraingteach don tsúil agus idirghníomhach, agus a chlúdódh gach gné d'eolas gairme don uile úsáideoir. Chuimseodh an láithreán geata comhordaithe seo gairmeacha, eolas ar chúrsaí agus ar an mhargadh saothair, próifílí eagraíochtúla/cuideachta, rogha uirlisí measúnachta agus teistiméireachtaí, líne chabhrach treorach agus naisc chuí le láithreáin ghaolmhara. D'aithin an tuarascáil roinnt láithreán Gréasáin agus foinsí eile laistigh de na hearnálacha oideachais agus margadh saothair in Éirinn a d'fhéadfaí a chomhtháthú sa tairseach nua. Molann sé go bhféadfadh sé a bheith indéanta tairseach a dhéanamh de cheann de na bunachair sonraí a bhí cheana ann, chun dúbláil nó caiteachas neamhriachtanach a sheachaint. Lena chois

sin, molann an tuarascáil go ndéanfaí cur chun cinn agus fograíocht níos gníomhaí ar na láithreáin ghairmeacha a bhí cheana ann, agus go mbeadh eolas úsáideach i dtaobh an mhargaidh saothair níos infhaighte ar bhunachair sonraí gairmeacha. Ar deireadh, molann an tuarascáil go mba cheart feabhas a chur ar acmhainní gairmthreorach agus eolais trí uirlisí nua agus eolas níb fhearr ar thaithí oibre agus ar chúrsaí a chur leis agus teacht níos fearr a sholáthar chun dítheanna daoine nach bhfuil ceangailte den chóras oideachais nó oiliúna i láthair na huaire a chomhlíonadh. Ar na grúpaí seo tá daoine dífhostaithe nó tearcfhostaithe, daoine a d'fhéadfadh a bheith iomarcach go luath nó atá as láthair ón lucht saothair le tréimhse fada i ngeall ar chúraimí teaghlaigh.

D'fhormhuinigh an Fóram moladh an ghrúpa saineolaithe tairseach náisiúnta gairmeacha a chur ar bun mar mheicníocht soláthair a chabhródh chun na feabhais a samhlaíodh i *Learning for Life: White Paper on Adult Education* (2000) a bhaint amach. Mar chuid dá chuid oibre le dhá bhliain anuas, tá togra curtha ar aghaidh ag an bhFóram chuig na Ranna Oideachais agus Eolaíochta agus Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag iarraidh go mbunófaí Líne Náisiúnta Foghlama.

## Céimeanna I go IV den Treoirthionscnamh Aosoideachais 2000-2006: For-radharc agus Moltaí. Tuarascáil ón Ionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tá tuarascáil tugtha chun críche le deireanas ag an Ionad Náisiúnta do Threoir san Oideachais chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar Chéimeanna I go IV den Treoirthionscnamh Aosoideachais (AEGI), treoirscéim a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 2000, i ndiaidh moltaí in *Learning for Life: White Paper on Adult Education* (2000). Maoiníodh clár AEGI faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006. I rith an ama seo tionscnaíodh sé cinn is tríocha de sheirbhísí AEGI i gceithre chéim agus tá trí cinn eile le tosú sa bhliain 2006. Tá formhór na seirbhísí seo faoi bhainistiú na gCoistí Gairmoideachais. Ba é sprioc an AEGI i dtús báire díriú ar rannpháirtithe foghlaimeora ar Scéimeanna Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG), clár litearthachta d'aosaigh agus cláir oideachais pobail. Sa bhliain 2006, leathnaíodh téarmaí tagartha na seirbhíse chun fostaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an gClár SKILLVEC a chur san áireamh mar aon le cliaint an Bhoird um Maoiniú Oideachais agus a bpáistí fásta.

Soláthraíonn seirbhísí AEGI raon tacaíochtaí treorach lena n-áirítear eolas ar chúrsaí oideachais, treoir duine le duine, treoir ghrúpa agus soláthar for-rochtana d'fhoghlaimeoirí sna spriocghrúpaí aitheanta. Soláthraíonn seirbhísí AEGI treoir oideachasúil mar thaca comhtháite agus acmhainn foghlama i ngach Coiste Gairmoideachais. Fuair meastóireachtaí ar na seirbhísí a rinneadh thar thréimse sé bliana gur éirigh le cineálacha cur chuige nuálacha i leith seachadadh treoirshamhlacha agus samhlacha atá sonrach don chliant treoir oideachasúil a chomhtháthú le soláthar foghlama áitiúil. Oibríonn seirbhísí AEGI go dlúth le soláthraithe oideachais áitiúla chun riachtanais a aithint agus soláthar do threoirthacaíocht a phleanáil d'fhoghlaimeoirí. Ó bunaíodh an clár, bhain breis is 30,000 duine leas as seirbhísí AEGI, lena n-áirítear líon suntasach daoine fásta ó lasmuigh de na spriocghrúpaí ainmnithe, mar shampla, daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, nó atá faoi mhíchumas fisiciúil agus/nó a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach acu, daoine dífhostaithe agus náisiúnaigh ó thíortha iasachta.

Tá raon samhlacha sheachadhadh treorach forbartha ag an AEGI chun freastal ar riachtanais éagsúla. Gné ar leith den treoirchlár ab ea cleachtas nuálach agus tá saineolas forbartha ag gairmchleachtóirí maidir le riachtanais sainiúla foghlaimeoirí a chomhlíonadh. Rinneadh monatóireacht agus meastóireacht rialta ar na seirbhísí, agus cuireadh oiliúint ar fáil do chomhaltaí foirne chun a scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú. Gné nua amháin den treoirchlár ná gur soláthraíodh seirbhísí for-rochtana do chliantghrúpaí a mbíonn sé deacair teagmháil a dhéanamh leo de ghnáth, agus ceapadh teicnící chun obair leantach a dhéanamh leis na daoine seo. Gné eile ná gur aithin seirbhísí AEGI bearnaí sa soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí fásta.

## FÍOR 11 MOLTAÍ AN IONAD NÁISIÚNTA UM THREOIR SAN OIDEACHAS DO THIONSCNAMH TREORACH AOSOIDEACHAIS

**Don Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

1. Fís agus straitéis a fhorbairt don Tionscnamh Treorach Aosoideachais laistigh de chomhthéacs chreat náisiúnta treorach
2. Teacht níos fearr a thabhairt d'aosaigh ar sheirbhísí AEGI
3. Maoiniú sheirbhísí AEGI a athbhreithniú

**Do Choistí Gairmoideachais/Gníomhaireachtaí Bainistíochta**

1. Feabhas a chur ar imeascadh straitéiseach sheirbhísí AEGI leis na Coistí Gairmoideachais/ Gníomhaireachtaí Bainistíochta
2. Teacht níos fearr a thabhairt d'aosaigh ar sheirbhísí AEGI
3. Leithdháileadh acmhainne a uasmhéadú

**Do Sheirbhísí AEGI**

1. Úsáid a bhaint as pleanáil straitéiseach fianaise-bhunaithe
2. Teacht níos fearr a thabhairt d'aosaigh ar sheirbhísí AEGI

Léiríonn meastóireachtaí ar na seirbhísí go mba dhearfach an tionchar a bhí ag teagmháil le treoirsheirbhísí ar fhoghlaimeoirí, trí athruithe ina ndearcthaí a spreagadh i leith na foghlama agus ugach a thabhairt dóibh smaoineamh ar dheiseanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dóibh chun dul ar aghaidh chuig oideachas agus oiliúint.

Ach ní hionann soláthar sheirbhísí AEGI ar fud na tíre ar fad, i láthair na huaire. Tá méadú ar fheasacht an phobail i leith deiseanna oideachasúla tar éis cur leis an éileamh ar threoirsheirbhísí oideachais do dhaoine fásta ar fud na tíre. Lena chois sin, tuairiscítear go bhfuil líon na foirne i mórchuid seirbhísí AEGI i láthair na huaire ag déanamh buartha chomh fada agus a bhaineann sé le pleanáil agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar sholáthar treoirthacaíochta.

Ina thuarascáil leis an Roinn Oideachas agus Eolaíochta, achoimríonn an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachais an taithí a bhí ag daoine ar sheirbhísí AEGI ó 2000 i leith agus aithníonn roinnt bearnaí nár mhór díriú orthu:

**Bearnaí tíreolaíochta sa soláthar:** Níl teacht ag daoine fásta i gcodanna áirithe den tír ar sheirbhís AEGI i láthair na huaire.

**An gá atá le príomhshruthú:** Níor mhór tuilleadh oibre a dhéanamh chun a chinntiú go gcoimeádtar seirbhísí ag imeacht sa bhfadtéarma agus go n-imeascfar iad le raon na seirbhísí aosoideachais a chuireann Coistí Gairmoideachais agus soláthraithe eile ar fáil.

**Bacainní ar rochtain:** Ní thig le mórchuid daoine fásta sna spiocghrúpaí leas a bhaint as deiseanna oideachasúla toisc go bhfuil constaicí sa bhealach orthu, constaicí mar easpa cúram leanaí, tacaíocht airgeadais neamhleor, deacrachtaí iompair agus deacrachtaí leis an rochtain fhisiceach ar áitreabh. Is beag grúpa litearthachta do dhaoine fásta atá rannpháirteach in AEGI.

**Sainiú na spriocghrúpaí:** Tá gá le cothroime a bhaint amach idir grúpa mór a chuimsiú agus seirbhísí ar ardchaighdeáin a chothabháil.

**Infhaighteacht acmhainní:** I ngeall ar éiginnteacht mar gheall ar chistiú i ndiaidh 2006 ba rí-dheacair AEGI a phleanáil agus chruthaigh sé sin dúshláin dóibh siúd a bhí ag forbairt treoirsheirbhísí tacaíochta d'aosaigh. Tá gá chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe maoinithe agus foirne i bhfianaise dítheanna foghlama a aithníodh go háitiúil agus difríochtaí áitiúla i gcostais dála cíos áitribh.

Ofráileann an NCGE moltaí do na trí phríomhpháirtithe leasmhara: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Coistí Gairmoideachais/Gníomhaireachtaí Bainistíochta agus na seirbhísí AEGI (Fíor 11).

## Meastóireacht ar an tSeirbhís Tacaíochta: Tuarascáil do FÁS (Martin, 2006)

Ceapadh an tSeirbhís Tacaíochta chun cur chuige saindeartha a sholáthar do phleanáil cosán gairme d'fhonn freastal ar na dítheanna sainiúla treorach, oiliúna agus taithí oibre a bheadh ag daoine faoi mhíbhuntáiste a d'fhágfadh an scoil go luath agus a rachadh go hionaid Ógtheagmhála agus as sin go hoiliúint, oideachas nó fostaíocht phríomhshrutha. Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta ar bhonn píolótach i Nollaig 1996 tar éis athbhreithniú ar an seirbhís tacaíochta a bhí ar fáil do lucht luathfhágála na scoile agus cuireadh sa phríomhshruth é sa bhliain 2000. Choimisiúnaigh FÁS meastóireacht ar an tSeirbhís Tacaíochta agus fuarthas tuarascáil na gcomhairleach go luath sa bhliain 2006. Ar an modheolaíocht meastóireachta a úsáideadh bhí athbhreithniú ar an litríocht, agallaimh le príomhfhaisnéiseoirí, grúpaí fócais, suirbhé bunaithe ar cheistneoir agus dhá cheann de cháis-staidéir.

Bainistíonn Seirbhísí Pobail FÁS an tSeirbhís Tacaíochta agus tá seachtar is fiche tacadóirí scaipthe ar fud na tíre a sholáthraíonn gairmthreoir agus tacaíochtaí eile gaolmhara do bhreis is 1600 duine a fhágann an scoil go luath. Soláthraíonn na tacadóirí seirbhísí d'oiliúnaithe in ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Oiliúna Pobail, Ceardlanna FÁS/An Roinn Dlí agus Cirt agus in Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha, agus do lucht luathfhágála na scoile nach bhfuil ag freastal ar aon chúrsa oideachais nó oiliúna.

Fuair an mheastóireacht go raibh an tSeirbhís Tacaíochta éifeachtach i gcoitinne, agus gur léirigh na tacadóirí tiomantas agus gairmiúlachas i leith seirbhís chásmhar, neamhfhoirmiúil agus sholúbtha a sholáthar chun dítheanna daoine aonair a chomhlíonadh. Ar na príomhnearta a aithníodh sa tseirbhís bhí saineolas na dtacadóirí ar fhorbairtí náisiúnta gairmthreorach, mar shampla Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí; cothabháil bunachair sonraí suas chun dáta de roghanna áitiúla forchéimniúcháin; a gcruthaitheacht agus a n-íogaireacht i leith uaillmhianacha gairme daoine aonair a mheaitseáil lena gcumas; tacaíocht fhadaimseartha do dhaoine aonair le linn aistrithe tábhachtacha, agus nascaíochtaí le páirtithe leasmhara seachtracha sa cheantar áitiúil chun leasa daoine aonair.

Rinne an tuarascáil roinnt moltaí mar gheall ar fhorbairt an tSeirbhís Tacaíochta amach anseo, agus léiríonn an achoimre thíos na moltaí a bhfuil baint ar leith acu le hobair an Fhóraim.

### Samhail sheirbhís tacaíochta

Ba cheart an tSeirbhís Tacaíochta a phríomhshruthú ar fud na tíre.

### Ról na tacaíochta

- Ba cheart príomhbhéim na seirbhíse a chur ar ghairmthreoir agus comhairleoireacht a sholáthar, lena n-áirítear pleanáil cosán gairme chun a chumasú do dhaoine aonair dul ar aghaidh go hoideachas, oiliúint nó fostaíocht phríomhshrutha. Ba cheart go ndíreodh an tseirbhís ar thacaíocht a sholáthar do na hoiliúnaithe is mó atá faoi mhíbhuntáiste i ngach ionad.
- Tá gá le cineálacha nua cur chuige a fhorbairt chun dul chun cinn oiliúnaithe a rianú.
- Ba cheart go nglacfadh tacadóirí príomhról i dtaca le Pleananna Cosán Gairme pearsantaithe a réiteach. Ba cheart go gcuideodh siad chomh maith le réiteach Plean Foghlama Aonair ag an bPríomhoibrí, agus ba cheart go mbeidís bainteach leis an bpróiseas ionduchtúcháin d'oiliúnaithe sna hionaid.

### Scileanna agus oiliúint

- Ba cheart go n-úsáidfeadh ionaid jabshonraíocht chaighdeánach nuair a bhíonn tacadóirí á n-earcú, a léireodh a inmhianaithe is atá sé go mbeadh cáilíocht creidiúnaithe i gcomhairleoireacht ghairmthreorach ag na hearcaithe. De rogha air sin, ba cheart iarratais a lorg ó dhaoine a bhfuil teist go dtí seo acu i seirbhísí a sholáthar do lucht luathfhágála na scoile, agus ba cheart oiliúint chuí a sholáthar dóibh siúd a cheapfar mar thacadóirí.
- Ba cheart go n-eagródh ionaid oiliúint ionduchtúcháin do thacadóirí agus go gcuirfí struchtúir i bhfeidhm chun forbairt leanúnach ar scileanna agus ar eolas a chinntiú.

- Ba cheart do dtacódh FÁS le hionaid chun oiliúint a éascú agus go ndéanfadh FÁS monatóireacht ar dhítheanna leanúnacha scileanna agus oilúna don tseirbhís tacaíochta.
- Ba cheart go mbeadh teacht ag tacadóirí ar chomhairleoireacht piar le piar agus ar chomhairleoireacht ghairmiúil ar bhonn réigiúnach agus go gcuirfí ar fáil dóibh chomh maith oiliúint i mbainistiú strusa agus i scileanna chun déileáil le deacrachtaí.

**Maoirsiú áitiúil agus struchtúir náisiúnta tacaíochta**

Moltar comhordaitheoir náisiúnta tacaíochta a cheapadh, chun tacaíocht agus cúnamh a sholáthar d'fhostóirí tacadóirí, agus do choistí áitiúla bainistíochta. Shaineodh agus shoiléireodh an comhordaitheoir rólanna na dtacadóirí, d'eagróidís oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint leanúnach do thacadóirí, sholáthróidís treoir i dtaca le gnáthaimh thuairisceoireachta agus chraobhscaoilfidís an cleachtas is fearr. San áireamh i dtasc an chomhordaitheora bheadh cur chur cinn an tseirbhís tacaíochta i measc na n-ionad Ógtheagmhála ar fad agus leis na húdaráis bainistíochta náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear FÁS agus na Coistí Gairmoideachais.

## AG TARRAINGT AR THAITHÍ NA HEORPA I MBEARTAS AGUS I GCLEACHTAS TREORACH

Taispeántar i bhFíor 12 thíos príomhthéamaí fhorbairtí beartais Eorpacha le déanaí a raibh tionchar acu ar sholáthar treoirsheirbhísí sna hearnálacha margadh saothair agus oideachais in Éirinn.

Taispeánann athbhreithnithe ar bheartais do threoir i dtíortha Eorpacha ar tugadh fúthu ag Coimisiún na hEorpa agus an ECFE i gcomhar lena chéile, nach bhfuil beartais, córais agus cleachtais do threoir ag comhlíonadh éilimh na ngeilleagar agus na sochaithe eolasbhunaithe (Rún na Comhairle AE, 2004).

### FÍOR 12 FORBAIRTÍ BEARTAIS EORPACHA LE DÉANAÍ SA TREOIR

- **Ag cur clár oibre Oideachais agus Oiliúna 2010 chun feidhme** (a thacaíonn le straitéis Liospóin chun an geilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan a dhéanamh den Aontas Eorpach); lena n-áirítear teacht ar ghairmsheirbhísí, dearbhú cáilíochta na seirbhísí; cuidiú le ról na treorach i bhforbairt daonacmhainní, agus gluaisteacht a éascú d'fhoghlaim agus d'fhostaíocht san Eoraip. Lisbon Strategy (2000); *Concrete Future Objectives of Education and Training Systems* (2001)
- **Teacht ar threoir agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn,** chun rathúnas eacnamúil, fostaíocht agus cuimsiú sóisialta a chruthú *Making a European Area of Lifelong Learning a Reality* (2001); *Employment Guidelines* (2003); *Resolution on Guidance* (Comhairle Airí an Aontais Eorpaigh 2004)
- **Ag cur le gluaisteacht ceirde agus tíreolaíoch agus uas-sciliú an lucht saothair** trí teacht níos fearr a thabhairt d'oibrithe agus d'fhostóirí ar eolas, ar threoir agus ar chomhairleoireacht. *Action Plan for Skills and Mobility* (Commission Communication 2002).
- **Ag neartú beartas agus cleachtas a thacaíonn le heolas, treoir agus comhairleoireacht** i mballstáit. *Copenhagen Declaration* (2002)
- **An ráta coinneála sna hearnálacha oideachais agus oiliúna a fheabhsú** *Investing Efficiently in Education* (Commission Communication 2003)
- **Creat a chur chun feidhme do thrédhearcacht cáilíochtaí,** Europass, a chuimsíonn treoir mar phríomhghné (Cinneadh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chreat aonair do thrédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí, Nollaig 2004).

Sa bhliain 2002, bhunaigh Coimisiún na hEorpa Grúpa Saineolaithe do Threoir ar Feadh an tSaoil a bhfuil sraith d'uirlisí coiteann tagartha Eorpacha ceaptha acu. aidhmeanna agus prionsabail choiteanna do sholáthar treorach ar feadh an tsaoil; comhphointí tagartha do chórais dhearbhú cáilíochta do threoir; eochairghnéithe de shamhail córas de threoir ar feadh an tsaoil (CEDEFOP, 2005).

Ag éirí as Rún Chomhairle na hEorpa 2004, dheonaigh Coimisiún na hEorpa maoiniú chun dhá cheann de Líonaí Eorpacha d'Fhóraim Náisiúnta do Threoir ar feadh an tSaoil a bhunú in dhá cheann déag de thíortha, agus Éire san áireamh. D'aithin an tionscadal ina raibh Éire rannpháirteach fachtóirí ríthábhachtacha ratha d'Fhóram Náisiúnta do Threoir: tacaíocht rialtais; raon leathan bainteachta ó pháirtithe leasmhara; fíorsaineolas ar an treoir; bainteacht an úsáideora le ceapadh beartais; ceannaireacht agus bainistíocht; meicníochtaí cumarsáide agus tacaíocht leanúnach ón AE (Tuarascáil Chomhdháil Bled 2005).

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta do Fhorbairt Gairme agus Beartas Poiblí (ICCDPP) sa bhliain 2005 mar acmhainn do lucht ceaptha beartais agus do thaighdeoirí, i gcomhar le páirtithe agus gairmchleachtóirí, chun feabhas a chur ar chórais do fhorbairt gairme a thacaíonn le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le spriocanna do fhorbairt lucht saothair (ICCDPP, 2005).

Le blianta beaga bhí an tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas agus an Fóram Náisiúnta do Threoir gníomhach i bhforbairtí ag leibhéal Eorpach. Mar shampla, tagann suas le céad ball de lucht ceaptha beartais, gairmchomhairleoir agus oiliúnóir gairmchomhairleoirí ar cuairt go hÉirinn gach bliain ar chuairteanna staidéir a mhaoiníonn an Eoraip chun scrúdú a dhéanamh ar chóras treorach na hÉireann. Cuid de Chlár Academia is ea NCGE (arna mhaoiniú ag an AE mar chuid de chlár Leonardo da Vinci) a chuireann treoirchomhairleoirí Éireannacha ar chuairteanna staidéir chuig tíortha rannpháirteacha eile agus a óstálann cuairteanna staidéir go hÉirinnn do threoirchomhairleoirí ó thíortha eile. Le linn na gcuairteanna staidéir tugtar for-radharc ar na córais oideachais agus margadh saothair (lena n-áirítear an córas treorach) sa tír glactha mar aon le cuairteanna ar sheirbhísí agus eagraíochtaí treoracha. Eagraíonn CEDEFOP (Ionad na hEorpa do Threoiroideachas agus Oiliúint) cuairteanna staidéir do threoirchleachtóirí chomh maith, i gcomhar le Rannóg Idirnáisiúnta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Faigheann na cleachtóirí seo cur i láthair ó NCGE ar an gcóras oideachais agus treorach in Éirinn agus bíonn deis acu chomh maith cuairt a thabhairt ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí treorach, lena n-áirítear mar shampla scoileanna, institiúidí ardoideachais agus ionaid oiliúna de chuid FÁS. Ar deireadh, glacann NCGE le roinnt treoirchleachtóirí ó thíortha an AE do chuairteanna staidéir seachtaine trí ionaid Euroguidance . Faigheann na cleachtóirí seo cur i láthair ar an gcóras treorach ón NCGE agus tugann siad cuairt ar roinnt treoirsheirbhísí ar feadh dhá lá nó trí lá den chuairt.

Tá Éire tar éis cur lena próifíl i réimse na treorach ag leibhéal Eorpach trí Rún Treorach a dhréachtadh ar ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh leis le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2004. Deirtear i gceann de na hairteagail chomhaontaithe sa Rún

> *'...ba cheart go mbeadh teacht ag gach saoránach Eorpach ar threoirsheirbhísí ag gach céim den saol, le haird ar leith á tabhairt do dhaoine agus do ghrúpaí a bheadh i mbaol.'* (Tionólfaidh an Fhionnlainn comhdháil Uachtaránacht na hEorpa i Samhain 2006 chun tuairisciú ar chur chun feidhme an Rúin i measc na mballstát.)

Lena chois sin, bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha a bhunaigh Fóram Náisiúnta do Threoir agus tá sí ar cheann de dhá thír Eorpach déag atá rannpháirteach i líonraí d'fhóraim mar iad.

Tá Ionad Náisiúnta Acmhainne FÁS do Ghairmthreoir (FÁS NRCVG) mar chuid den Líonra Treorach Eorpach faoin gClár Leonardo da Vinci. Oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus gníomhaíonn mar Ionad Eolais chun teacht a thabhairt do Bhallstáit ar eolas agus ar chomhairle maidir le gairmoiliúint agus deiseanna mhargadh saothair laistigh den AE.

Glacanna Ionad Náisiúnta Acmhainne FÁS páirt i dTaispeántais Ghairme in Éirinn agus thar lear (*e.g. FÁS Opportunities, aonaigh earcaíochta thar lear).* Bíonn foireann FÁS NRCVG ag líonrú agus ag cothabháil nasc i gcónaí le treoirsheirbhísí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá réimsí coiteanna agus réimsí nua comhleasa i bpáirt acu. Óstálann FÁS NRCVE cuairteanna staidéir rialta ó chleachtóirí cuartaíochta.

Tá táirgí forbartha ag FÁS NRCVG lena n-áirítear *Career Directions*, uirlis chomhtháite agus idirghníomhach ina bhfuil eolas ar bhreis is 720 gairm, chun cuidiú le soláthár na gairmthreorach. Tá *Career Directions* ar fáil ar an nGréasán agus i bhfoirm CD chomh maith. Cuimsíonn sé fardal spéiseanna chun cabhrú le húsáideoirí a rogha oibre a aithint, agus cuireann sé i láthair raon de ghairmeacha oiriúnacha chun na roghanna seo a mheaitseáil. Leasaítear chuile bhliain é agus dáiltear an CD ar gach gairmchleachtóir i scoileanna agus i gcoláistí.

Maidir le bainteacht na hÉireann le forbairtí treoracha ag leibhéal idirnáisiúnta, díol suntais is ea é go raibh ról suntasah ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mbunú an Ionaid Idirnáisiúnta do Fhorbairt Gairme agus Beartas Áitiúil, a fuair tacaíocht ó raon tíortha ar fud an domhain, Ceanada agus an Astráil san áireamh, agus tá faoi treoirchórais ar fud an domhain a neartú agus a chomhordú.

Soláthraíonn an diminsean láidir idirnáisiúnta seo dúshraith láidir faoi bhreis forbartha ar threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn agus bhí ar chumas an Fhóraim leas a bhaint as taithí a gcomhpháirtithe agus a líonraí idirnáisiúnta agus straitéis á ceapadh aici don todhchaí.

## CLABHSÚR

Mar a thaispeánann an tuarascáil seo, rinne an Fóram Náisiúnta do Threoir anailís forleathan agus chuaigh i mbun taighde chuimsitheach ar an soláthar treorach náisiúnta atá ar fáil faoi láthair. Mar thoradh ar an anailís agus an taighde seo, tá príomhbhearnaí aitheanta ag an bhFóram nár mhór aghaidh a thabhairt orthu má táthar le straitéis chomhtháite a fhorbairt le haghaidh treorach ar feadh an tsaoil in Éirinn. Fuair an Fóram go bhfuil éagothroime sa teacht atá ar threoirsheirbhísí i measc grúpaí áirithe mar pháistí óga (0-6 bliana), páistí i mbunscoileanna agus daoine i bhfostaíocht, agus go bhfuil forluí agus dúbailt ar sholáthar seirbhíse in earnálacha eile. Fuair sé freisin go bhfuil an leibhéal seirbhíse in earnálacha difriúla neamhchomhsheasmhach, agus go bhfuil easpa ar leith sa treoir do lucht luathfhágála na scoile. Meastar go mbeidh ceisteanna mar dhearbhú cáilíochta agus inniúlacht cleachtóirí ríthábhachtach do sholáthar sheirbhís chuimsitheach do dhaoine ag gach céim den tréimhse saoil, agus tá sé tugtha faoi deara ag an bhFóram go gciallaíonn nádúr ilroinnte an tsoláthair treorach reatha in Éirinn nach bhfuil sé éifeachtach ó thaobh costais de. Fuarthas bearna mhór in eolas agus i gcumarsáid mar gheall ar threoir, agus sa chaoi nach scaiptear eiseamláirí dea-chleachtais chun cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú ar fud na tíre. San earnáil oideachais, moltar go bhfuil gá le cur chuige *scoile uile* nó *institiúide uile* i leith na treorach. Ar deireadh, aithníonn an Fóram an gá atá le tacaíocht níos fearr do dhaoine aonair, go háirithe daoine soghortaithe, agus iad ag aistriú ó thimpeallacht amháin go timpeallacht eile.

Le cois na mbearnaí agus na ndúshlán a aithníodh thuas, phléigh an Fóram chomh maith na bearnaí sna hearnálacha luathóige agus bunscoile, iarbhunscoile, breisoideachais agus ardoideachais, oideachas pobail agus oideachas deonach. Mar thoradh ar an achoimre ar cheisteanna reatha i gcúrsaí beartais, agus ó na bearnaí cleachtais a aithníodh, tá clár oibre soiléir ann do bheart i roinnt réimsí criticiúla a chumasóidh d'Éirinn an straitéis nua chomhtháite do threoir ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme mar a mholann an Fóram i gCuid 1 den tuarascáil seo. Cinnteoidh an straitéis mholta go gcomhlíonfaidh Éire na haidhmeanna agus na prionsabail choiteanna a ceapadh mar chuid de chlár oibre Oideachais agus Oiliúna 2010 an AE, chun treoir ar feadh an tsaoil a sholáthar

> *…a chumasaíonn do shaoránaigh d'aois ar bith agus ag pointe ar bith ina saoil (ar feadh an tsaoil) a gcumais, a n-inniúlachtaí agus a spéiseanna a aithint, cinntí lánbhrí oideachais, oiliúna agus saothair a dhéanamh agus bainistiú a dhéanamh ar a gconair saoil féin sa bhfoghlaim, san obair agus i súimh eile ina bhfoghlaimítear agus /nó ina n-úsáidtear na cumais agus na hinniúlachtaí seo (ar feadh an tsaoil).* (Coimisiún an AE, Report of Expert Group on Lifelong Guidance, 2005)

# 04 N-acrainmneacha, Tagairtí, Aguisín

# Liosta na N-acrainmneacha a Úsáideadh sa Tuarascáil Seo

**AEGI:** Tionscnamh Treorach don Aosoideachas

**AEGA:** An Cumann um Threoir Oideachais do Dhaoine Fásta

**AGSCI:** Association of Graduate Careers Services in Ireland

**AHEAD:** Association for Higher Education Access and Disability

**CEDEFOP:** European Centre for the Development of Vocational Training

**CEO:** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**DES:** An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

**EC:** Coimisiún na hEorpa

**ERSI:** An Institiúid do Thaighde Eacnamúil agus Sóisialta

**ESU:** Aonad Seirbhísí Fostaíochta

**EU:** Aontas Eorpach

**FÁS:** Foras Áiseanna Saothair (Training and Employment Authority)

**IAUCC:** Cumann na gComhaireoirí Ollscoile agus Coláiste

**ICCDPP:** International Centre for Career Development and Public Policy

**ITCAN:** Lionra Ghairmchomhairleoirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta

**IGC:** Institiúid na nGairmchomhairleoirí

**IT:** Teicneolaíocht an Eolais

**LCA:** An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

**LCVP:** Gairmchlár na hArdteistiméireachta

**LES:** Seirbhís Áitiúil Fostaíochta

**NALA:** An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh

**NCGE:** An tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas

**NEAP:** Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta

**NEPS:** An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíocht Oideachais

**NGF:** An Fóram Náisiúnta do Threoir

**NRCVG:** An tIonad Náisiúnta Acmhainne do Ghairmthreoir

**OECD:** An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

**VEC:** Coiste Gairmoideachais

**VTOS:** An Scéim Deiseanna Gairmoiliúna

# References

*A Strategy for Equality – Report of the Commission on the Status of People with Disabilities*
Dublin: Stationery Office

*Action Plan for Skills and Mobility* (Commission Communication 2002)
http://ec.europa.eu/employment_social/news/2002/feb/ap_en.pdf
(Cited 20 September 2006)

CEDEFOP 2005 *Improving Lifelong Guidance Policies and Systems: Using Common European Reference Tools.*
Luxembourg: Office for Official Publications of the European Communities

*Concrete Future Objectives of Education and Training Systems* (2001)
http://ec.europa.eu/education/policies/2010/doc/concrete-future-objectives_en.pdf
(Cited 15th September 2006)

Copenhagen Declaration (2002)
http://ec.europa.eu/education/copenhagen/copenahagen_declaration_en.pdf

Department of Education and Science (2006) *Review of Guidance in Second Level Schools*,
Dublin: Government Publications

Department of Education and Science (1999b) *The New Deal: A Plan for Educational Opportunity,*
Dublin: Government Publications

Department of Education and Science (2005)
*Guidelines for Schools on the Implications of the Section 9 (c) of the Education Act, 1998, relating to students' access to appropriate guidance*, Dublin: Government Publications

Department of Enterprise, Trade and Employment (1997)
*White Paper: Human Resources Development,*
Dublin: Stationery Office

Education Act (1998) Section 9 (c)/(d) (1999),
Dublin: Stationery Office

Education (Welfare) Act 2000,
Dublin: Stationery Office 2000

European Commission (2001)
*Making a European Area of Lifelong Learning a Reality*,
http://ec.europa.eu/education/policies/lll/life/communication/com_en.pdf (Cited 29th September 2006).

European Parliament and Council Decision on a single framework for the transparency of qualifications and competences (December 2004)
http://eur-ex.europa.eu/LexUriServ/site/en/oj/2004/l_390/l_39020041231en00060020.pdf (Cited October 25th 2006)

*FÁS Statement of Strategy 2002-2005 Building on Our Vision*
http://www.fas.ie/strategy_statement/index.html
(Cited Sept 3rd 2006)

Glasgow Caledonian University (Centre for Education & Training Development) & Partners (2000)
*ISSEE (Iceland, Slovakia, Scotland, Eire & Estonia) Quality Guidelines*, Leonardo da Vinci.
http://www.ncge.ie/adult_issee.htm (Cited 21st November 2006)

*Investing Efficiently in Education and Training*
(Commission Communication 2003)
http://europa.eu.int/eur-lex/en/com/cnc/2002/com2002_0779en01.pdf
(Cited 4th November 2006)

Ireland (2000a). *Learning for Life: White Paper on Adult Education*, Dublin: Government Publications

Ireland (2000b) *National Development Plan 2000-2006,*
Dublin: Government Publications

Jarvis, P. (2005)
Blueprint for Lifework Designs: http://www.blueprint4life.ca (Cited 21st August, 2006)
and Australian Blueprint for Career Development
http://www.dest.gov.au/sectors/career_development/policy_issues_reviews/key_issues/australian_blueprint_for_career_dev/ (Cited 10th September, 2006)

Lisbon Strategy (2000)
http://ec.europa.eu/growthandjobs/pdf/lisbon_en.pdf
(Cited 21st October 2006)

Martin, T and Associates (2006) *Evaluation of the Advocacy Service*
Unpublished Report Commissioned by FÁS

National Employment Action Plan (2003)
http://www.entemp.ie/publications/labour/2003/nationalemploymentactionplan.pdf
(Cited 5th September 2006)

Newsletter (Issue 1) of the International Centre for Career Development and Public Policy
www.guidancecouncil.com/policymakers/documents/Policy%20Points%2001.pdf
(Cited 8 August 2006)

OECD (2002) *OECD Review of Career Guidance Policies, Ireland Country Note,*
http://www.oecd.org/dataoecd/21163/1934462.pdf
(Cited 19th September, 2006).

OECD (2004) *Career Guidance and Public Policy: Bridging the Gap*, Paris

OECD/European Communities (2004), *Career Guidance: A Handbook for Policy Makers*, Paris

Phillips, S., Clarke, A., Classon, J. (2006)
*Careers and Labour Market Information in Ireland, A Study for the Expert Group on Future Skills Needs*,
Dublin: Forfas

*Programme for Prosperity and Fairness (2000-2002);* and *Towards 2016* (2006)
Dublin: Government Publications

Qualifications (Education and Training) Act, (1999)
(Section 4.1, E/F).
http://www.gov.ie/bills28/acts/1999/a2699.pdf
(Cited 2nd September, 2005).

*Report on Transnational Conference Bled 2005,* National Centre for Guidance in Education

Resolution on Guidance (EU Council of Ministers 2004)
http://www.trainingvillage.gr/etv/Upload/Projects_Networks/Guidance/EU_Policy_Context/Council_Resolution_on_Guidance-EN.pdf
(Cited 18 September 2006)

Task Force on Lifelong Learning (2002)
*Report of the Task Force on Lifelong Learning,*
Dublin: Government Publications

# Aguisín

Cleachtas náisiúnta: achoimre ar an tsoláthar reatha de threoirsheirbhísí sa mhargadh saothair, san earnáil pobail agus sa chóras oideachais

## TREOIRSHEIRBHÍSÍ NASCTHA LEIS AN MARGADH SAOTHAIR:

### Seirbhís fostaíochta agus oiliuna Stáit

| Soláthraí/ áisíneacht | An tseirbhís a sholathraítear | Cliantghrúpa |
|---|---|---|
| **FÁS** | Gairmthreoir agus comhairleoireacht arna soláthar ag Oifigigh Sheirbhísí Fostaíochta: aithint riachtanas, plé roghanna, forbairt phlean gníomhaíochtaí, láithriú i bhfostaíocht, atreorú go cláir gairmoiliúna. Soláthar raon uirlisí TE-bhunaithe do dhaoine aonair chun gur féidir leo a bheith 'féin-chabhrach' agus 'féin-threorach'. | » Lucht iarrtha poist ar fad – fostaithe agus neamhfhostaithe<br>Seo a leanas raon na gcliantghrúpaí a ndíríonn FÁS a gcúnamh orthu:<br>» Daoine a atreoraítear faoin bPlean Náisiúnta Gníomh Fostaíochta (NEAP)<br>» Daoine aonair a d'fhág an scoil go luath<br>» Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach<br>» Daoine atá faoi mhíchumas<br>» Daoine nach bhfuair socrúchán ó Chlár Oiliúna agus Fostaíochta FÁS<br>» Daoine ar tuismitheoirí aonair iad<br>» Daoine atá ag druidim le hiomarcaíocht<br>» Mná atá ag filleadh ar an obair<br>» Daoine ar baill de Phobal na dTaistealaithe iad |
| **Ionad Náisiúnta Teagmhála FÁS** | Réamhsheirbhísí gairmthreorach agus eolais do lucht iarrtha post maidir le folúntais poist agus clair oiliúna agus fostaíochta | Lucht iarrtha post atá cláraithe le FÁS. |
| **Ionad Náisiúnta Acmhainne FÁS do Ghairmthreoir** | Eolas a sholáthar ar dheiseanna gairmoiliúna laistigh den Aontas Eorpach. Eolas Gairme arna sholáthar bealach Treoracha Gairme ar uirlis chomhtháithe agus idirghníomhach í ina bhfuil eolas ar bhreis is 720 proifíl ghairme agus fardal spéiseanna. | Daoine ar mian leo dul ag obair i dtír ar bith den Aontas Eorpach. |
| **Seirbhís Áitiúil Fostaíochta (LES)** | Gairmthreoir agus comhairleoireacht arna soláthar ag eadránaithe: aithint riachtanas, plé roghanna, forbairt phlean gníomhaíochtaí, láithriú i bhfostaíocht, atreorú go cláir gairmoiliúna. | Na daoine is mó atá scartha amach ón margadh saothair, lena n-áirítear<br>» Daoine atá dífhostaithe le 12 mí nó níos mó.<br>» Daoine ar páirtithe cleithiúnacha iad de dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach<br>» Daoine ar tuismitheoirí aonair iad<br>» Daoine aonair a d'fhág an scoil go luath<br>» Daoine atá faoi mhíchumas<br>» Daoine ar baill de Phobal na dTaistealaithe iad<br>» Daoine a atreoraíodh ó FÁS<br>» Cliantghrúpaí eile a aithníodh go háitiúil |

## TREOIRSHEIRBHÍSÍ EILE NASCTHA LEIS AN MARGADH SAOTHAIR:

| Soláthraí/áisíneacht | An tseirbhís a sholathraítear | Cliantghrúpa |
|---|---|---|
| **Cumann na nGnólachtaí Beaga** | Cláir oiliúna chun cuidiú le gnólachtaí beag scileanna riachtanacha a fhorbairt d'fhorbairt amach anseo | Úinéirí-bhainisteoirí de ghnólachtaí beaga agus meánacha |
| **Líonraí scile** | Lionraí oilúna a sholáthraíonn foghlaim sholúbtha agus ábhartha ag leibhéal áitiúil nó d'earnálacha tionscail ar leith | Foireann gnólachtaí móra, beaga agus meánacha |
| **Fiontraíocht Éireann** | Seirbhís dheonach meantóireachta chun comhairle agus cúnamh a sholáthar d'fhás agus d'fhorbairt (líonra Meantóirí) | Gnólachtaí tosaigh nua |
| **Boird Fiontair Chathrach agus Chontae** | Cláir mheantóireachta agus tacaíochta | Gnólachtaí beaga |
| **Cuideachtaí aonair, ag obair leis an Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha** | Ionduchtúchán agus oiliúint, forbairt ghairmiúil leantach, bainistiú ar fheidhmíocht | Bainisteoir agus baill foirne |
| **Seirbhís Eolais do Dhídeanaithe** | Seirbhís eolais agus atreoraithe arna soláthar ar bhonn clinic for-rochtana i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh (tá an tseirbhís saor in aisce, rúnda agus neamhspleách) | Lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe |
| **Cláir Chúnaimh d'Fhostaithe** | Comhairleoireacht a sholáthar do cheisteanna a bhaineann le hobair agus ceisteanna pearsanta | Fostaithe cuideachtaí |
| **Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe** | Eolas ar chearta leasa, tacaíocht agus oiliúnt fiontraíochta, gníomhaíochtaí forbartha pobail. Líonra de 1970 ionad áitiúil | Daoine atá dífhostaithe |
| **Tionscnamh pobail EQUAL** | Clár comh-mhaoinithe ag an AE; leithcheal agus éagothroime sa mhargadh saothair a aithaint agus a réiteach; beartais agus cleachtais nua agus nuálacha a fhorbairt | Comhpháirtíochtaí áitiúla forbartha |

## TREOIRSHEIRBHÍSÍ SAN EARNÁIL POBAIL

| Soláthraí/áisíneacht | An tseirbhís a sholathraítear | Cliantghrúpa |
|---|---|---|
| Ionaid Eolais don Ógra | 30 ionad ar fud na tíre a sholáthraíonn eolas ar fhostaíocht, seirbhísí áitiúla pobail, oideachas agus oiliúint | Daoine óga |
| Comhpháirtíochta ceantarbhunaithe | Pleananna áitiúla forbartha a réiteach chun díriú ar mhíbhuntáiste agus chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn; dul i mbun oibre le seirbhís áitiúil fostaíochta agus áisínteachtaí oideachais chun treoir a sholáthar don phobal áitiúil | Daoine dífhostaithe agus daoine óga<br><br>atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus<br><br>oideachais |
| Leabharlanna poiblí | Is féidir leabhair agus acmhainní ar ghairmthreoir a cheadú agus a thógáil ar iasacht | An pobal i gcoitinne |
| Ionaid Eolais agus Chomhairle do Shaoránaigh | Eolas ar dheiseanna oideachasúla agus ar chearta airgeadais agus dlíthiúla mac léinn, lena n-áirítear aosaigh agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu | An pobal i gcoitinne |
| Ionaid Acmhainne Teaghlaigh | Tacaíocht do theaghlaigh lena n-áirítear comhairleoireacht phearsanta; níl aon ghairmthreoir foirmiúil do dhaoine aonair | Teaghlaigh atá ina gcónaí i bpobail<br><br>áitiúla |
| Foinsí neamhfhoirmiúla | Soláthraíonn teaghlach agus cairde eolas agus treoir | Daoine óga |
| teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide | Láithreáin Ghréasáin mar Career Directions (FÁS); Qualifax (IGC), Gradireland (AGCSI) agus a lán eile | An pobal i gcoitinne |

## TREOIR TRÍÚ AOISE

| Soláthraí/áisíneacht | An tseirbhís a sholathraítear | Cliantghrúpa |
|---|---|---|
| Comhairle Pleanála don Scor | Comhairle maidir le pleanáil scoir agus athrú lárghairme | Daoine scothaosta, réamhscoir |
| Seirbhís Ghinearálta Eolais | Age Action Ireland, Ollscoil na Tríú hAoise (ní chuirtear aon treoirsheirbhísí ar leith ar fáil atreorú chuig Coiste Gairmoideachais nó soláthraí príobháideach | Daoine scothaosta ag glacadh<br><br>páirte in oideachas neamhfhoirmiúil<br><br>agus mífhoirmiúil |

## TREOIRSHEIRBHÍSÍ SA CHÓRAS OIDEACHAIS

### Bunoideachas

| Clár | Ábhar/fócas an tsoláthair | Spriocghrúpa |
|---|---|---|
| **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** | A chumasú do dhaltaí scileanna pearsanta agus sóisialta a shaothrú, féin-mhuinín a chothú, cinnteoireacht fhreagrach a fhorbairt, deiseanna a sholáthar d'athmhachnamh agus do dhiscréid agus sláinte agus dea-bhail fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach a chur chun cinn | Gach dalta bunscoile |
| **Clár Tacaíochta DEIS do Scoileanna** | Feabhas a chur ar thinreamh daltaí, ar fhorchéimniú oideachasúil, ar choimeád agus ghnóthachtáil; soláthar treorach feabhsaithe tríd an gclár críochnaithe scoile, scéim múinteoir tacaíochta agus scéim chaidrimh idir an baile agus an scoil | Daltaí i 600 bunscoil a riarann ar cheantair a bhfuil ardleibhéil mhíbhuntáiste sóisialta acu |
| **An Clár Críochnaithe Scoile** | Rátaí coinneála daoine óga i mbunoideachas agus i meánoideachas a fheabhsú agus críochnú na sraithe sóisearaí nó a comhionann a spreagadh Gníomhaíochtaí sa scoil, i ndiaidh na scoile, lasmuigh den scoil agus laethanta saoire lena n–áirítear forás sóisialta agus pearsanta, meantóireacht agus tacaíochtaí foghlama | Daltaí i scoileanna a bhfuil ardleibhéil mhíbhuntáiste sóisialta agus oideachais acu; go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh an scoil a fhágáil go luath |
| **Scéim Múinteoir Tacaíochta** | Ag tacú le páistí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu agus ag cuidiú chun beartas scoile a cheapadh ar bhainistiú iompraíochta | Daltaí i scoileanna a bhfuil ardleibhéil mhíbhuntáiste sóisialta agus oideachais acu, a léiríonn iompraíochtaí toirmeascacha, suaithmheonacha nó cúlánta |
| **Scéim Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail** | Rannpháirtíocht páistí a uasmhéadú sa phróiseas foghlama agus comhar gníomhach a chur chun cinn idir an baile, an scoile agus an pobal | Daltaí i scoileanna atá ainmnithe mar scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste |
| **An Clár Aistriú Scoileanna** | Ceaptha agus eagraithe i gcomhar leis an Scéim Idirchaidrimh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal; cur chuige scoile uile lena mbíonn lucht bainistíochta, foireann, tuismitheoirí agus treoirchomhairleoirí bainteach | Daltaí atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil |

## IARBHUNOIDEACHAS AGUS BREISOIDEACHAS

| Clár | Ábhar/fócas an tsoláthair | Spriocghrúpa |
|---|---|---|
| **Pleanáil scoile uile** | Próiseas pleanála do threoir lena mbeidh na páirtithe leasmhara ar fad bainteach, idir fhoireann, mhic léinn, thuismitheoirí agus phobal | Gach iarbhunscoil |
| **Clár Tacaíochta DEIS do Scoileanna** | Feabhas a chur ar thinreamh daltaí, ar fhorchéimniú oideachasúil, ar choimeád agus ghnóthachtáil; soláthar treorach feabhsaithe tríd an gclár críochnaithe scoile, scéim múinteoir tacaíochta agus scéim chaidrimh idir an baile agus an scoil | Daltaí i 150 bunscoil a riarann ar cheantair a bhfuil ardleibhéil mhíbhuntáiste sóisialta acu |
| **Bearta curaclam-bhunaithe** | Treoir phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme comhtháite leis an gcuraclam trí chláir ar leith: Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte; Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil; Clár na hIdirbhliana; An Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta | Daltaí i ngach iarbhunscoil |
| | Cuidiú le mic léinn roghanna oideachais agus gairme a dhéanamh trí chomhairleoireacht, tacaíocht, measúnú, eolas, taithí foghlama san ionad oibre, atreoruithe agus gníomhaíochtaí treorach seomra ranga a sholáthar | Mic léinn i ngach iarbhunscoil agus in ionaid/coláiste breisoideachais |
| **Tionscnamh do Fheabhsú Treorach** | Poist bhreise leithdháilte ar scoileanna do bhearta nuálacha chun treoir a fheabhsú: naisc fhoirmiúla a neartú leis an bpobal gnó agus an bpobal áitiúil; líon na ndaltaí a roghnaíonn an eolaíocht sa tsraith shinsearach a mhéadú; díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil | 103 scoil i 2001; 78 scoil bhreise i 2004 |
| **Cláir oideachais lasmuigh den scoil: Ógtheagmháil; Ionaid do Thaistealaithe; cláir oideachais pobail** | Seirbhísí treorach, comhairleoireachta agus síceolaíochta arna soláthar ag Coistí Gairmoideachais; seirbhís abhcóideachta arna soláthar ag FÁS | Daoine a fhágann an scoil go luath gan cháilíochtai |
| **Riachtanais speisialta** | Seirbhísí measúnachta agus forbairt pleananna aonair oideachais | Daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena n-áirítear míchumais fisiceacha agus foghlama |

## AOSOIDEACHAS

| Clár | Ábhar/fócas an tsoláthair | Spriocghrúpa |
|---|---|---|
| **Tionscnamh um Threoir Oideachasúil do Dhaoine Fásta** | Treoir oideachasúil agus ghairme ag céimeanna réamhiontrála, leanúnacha agus réamhfhágála de chláir foghlama 35 seirbhís ar fud na tíre a sholáthraíonn treoir ar bhonn aonair agus grúpa Líonrú áitiúil idir tionscadail treoracha agus seirbhísí fostaíochta, leasa, oiliúna agus sláinte | Foghlaimeoirí aosach i gcláir litearthachta, sa Scéim Deiseanna Gairmoiliúna, sa Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas agus i gcláir eile aosoideachais agus oideachas pobail |

## ARDOIDEACHAS

| Clár | Ábhar/fócas an tsoláthair | Spriocghrúpa |
|---|---|---|
| **Seirbhísí gairmchomhairleacha** | Ar na seirbhísí tá: eolas gairme; agallaimh duine le duine; tástáil síceaméadrach; ríomhthreoir; cúrsaí agus ceardlanna do scileanna bainistíocht gairme; meantóireacht agus socrúcháin do chéimithe | Mic léinn in institiúidí ardoideachais |

## AN EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

| Soláthraí/áisíneacht | An tseirbhís a sholathraítear | Cliantghrúpa |
|---|---|---|
| **Treoirchleachtóirí príobháideacha**<br>**Oiliúnóirí saoil**<br>**Síceolaithe** | Treoir oideachasúil agus ghairme agus seirbhísí comhairleoireachta | Cliaint phríobháideacha |

## ÁISÍNEACHTAÍ TACAÍOCHTA AGUS COMHAIR DO THREOIR

| Clár/áisíneacht | Ábhar/fócas an tsoláthair | Sprioc/cliantghrúpaí |
|---|---|---|
| **An tIonad Náisiúnta do Threoir san Oideachas** | Treoirchleachtas a thacú agus a fhorbairt i ngach réimse oideachais; a bheith mar bhonn eolais faoi bheartas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta | Tacaíocht a sholáthar don Roinn Oideachais agus Eolaíochta; agus d'eagraíochtaí agus d'áisíneachtaí ábhartha; treoirchleachtóirí san oideachas |
| **Ionad Náisiúnta Acmhainne FÁS do Ghairmthreoir** | Eolas ar dheiseanna gairmoiliúna laistigh den Aontas Eorpach a sholáthar. Gluaisteacht Eorpach agus diminsean Eorpach a chothú laistigh den oideachas agus den oiliúint An cleachtas is fearr sa treoir a roinnt | Tacaigh leis an bpobal treorach, i gcomhar le líonra de 65 ionad i 31 tír |
| **Institiúid na nGairmchomhairleoirí** | Idirchaidreamh agus abhcóideacht le ranna rialtais, lucht bainistíochta agus ceardchumainn, cumainn náisiúnta tuismitheoirí, institiúidí ardoideachas agus breisoideachais, áisíneachtaí fostaíochta agus oiliúna I measc na seirbhísí tá maoirsiú, forbairt ghairmiúil leantach do ghairmithe treorach, láithreán Gréasáin Qualifax, foilsiú iris *Guideline* | Foras gairmiúil a dhéanann ionadaíocht thar ceann 1200 cleachtóir i scoileanna dara leibhéil, i gcoláistí tríú leibhéil, i seirbhísí treorach d'aosaigh, i súimh phríobháideacha agus i súimh eile |
| **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíocht Oideachais (NEPS)** | Áisíneacht feidhmiúcháin de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta Soláthraíonn seirbhísí síceolaíochta do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon. | Níl seirbhísí ar fáil go fóill i ngach scoil: tosaíocht do dhaltaí a bhfuil míchumais foghlama acu |
| **Ionaid oideachais** | Líonra de 30 ionad ar fud na tíre arna dtacú ag an Roinn OE | Tacaíocht forbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí agus do pháirtithe eile i bpobal na scoile áitiúla |
| **Cumann na Seirbhísí Gairmeacha do Chéimithe in Éirinn** | Na treoirsheirbhísí a sholáthraítear do mhic léinn agus do chéimithe a fhorbairt; ábhair acmhainne agus eolais; láithreán Gréasáin | Treoirghairmithe is ea na comhaltaí in institiúidí tríú leibhéil a fhaigheann maoiniú poiblí |
| **Líonra Chomhairleoirí Gairme na nInstitiúidí Teicneolaíochta** | Tacú le hoibriú seirbhísí gairmchomhairleacha; fóram chun an cleachtas is fearr a roinnt | Gairmchomhairleoirí is ea na comhaltaí i 14 Institiúid Teicneolaíochta |
| **An Cumann do Rochtain agus Míchumas san Ardoideachas** | Tabhairt faoi thaighde a bhaineann le míchumas agus ardoideachas; feabhas i rochtain do agus i rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas san ardoideachas; a bheith mar bhonn eolais faoi agus athrú a dhéanamh ar bheartas náisiúnta do oideachas agus fostú céimithe atá faoi mhíchumas | Cuireann comhairle ar an Údarás um Ardoideachas, institiúidí oideachais agus forais eile san earnáil oideachais |
| **Cumann Chomhairleoirí Ollscoile agus Coláiste na hÉireann** | Foras ionadaíoch do sheirbhísí comhairleoireachta san oideachas tríú leibhéil | Oibríonn comhairleoirí le daoine aonair nó grúpaí chun tacaíocht a sholáthar maidir le ceisteanna pearsanta agus acadúla |
| **An Cumann um Threoir Oideachais do Dhaoine Fásta** | Aithníonn dítheanna oiliúint foirne agus forbairtí treoir aosach i gcomhar le NCGE | Déanann ionadaíocht thar ceann thionscadail phíolótacha de chuid an Tionscnaimh Treorach san Aosoideachas |

national guidance forum

fóram náisiúnta um threoir

www.daracreative.ie